Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

6014/1/25
REV 1

ENV 63
CLIMA 27
AGRI 46
ENER 21
TRANS 22
PROCIV 11

NÓTA CLÚDAIGH

Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 2 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA maidir le cur chun feidhme na Treorach Réime maidir le hUisce (2000/60/CE) agus na Treorach maidir le Tuilte (2007/60/CE) An tríú plean bainistithe abhantraí An dara plean bainistithe riosca tuilte

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 2 final.

Faoi iamh: COM(2025) 2 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.10.2026
COM(2025) 2 final/2

ADDENDUM
This document replaces COM(2025)2 of 4.2.2025
Concerns all language versions
Insertion of the references to the linked Commission Staff Working Documents
SWD(2026)501 final, SWD(2026)601 final, SWD(2026)602 final, SWD(2026)603 final, SWD(2026)604 final, SWD(2026)701 final, SWD(2026)702 final and SWD(2026)703 final

The text shall read as follows:

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

maidir le cur chun feidhme na Treorach Réime maidir le hUisce (2000/60/CE) agus na Treorach maidir le Tuilte (2007/60/CE)
An tríú plean bainistithe abhantraí
An dara plean bainistithe riosca tuilte

{SWD(2025) 13 final} - {SWD(2025) 14 final} - {SWD(2025) 15 final} - {SWD(2025) 16 final} - {SWD(2025) 17 final} - {SWD(2025) 18 final} - {SWD(2025) 19 final} - {SWD(2025) 20 final} - {SWD(2025) 21 final} - {SWD(2025) 22 final} - {SWD(2025) 23 final} - {SWD(2025) 24 final} - {SWD(2025) 25 final} - {SWD(2025) 26 final} - {SWD(2025) 27 final} - {SWD(2025) 28 final} - {SWD(2025) 29 final} - {SWD(2025) 30 final} - {SWD(2025) 31 final} - {SWD(2025) 32 final} - {SWD(2025) 33 final} - {SWD(2025) 34 final} - {SWD(2025) 35 final} - {SWD(2026) 501 final} - {SWD(2026) 601 final} - {SWD(2026) 602 final} - {SWD(2026) 603 final} - {SWD(2026) 604 final} - {SWD(2026) 701 final} - {SWD(2026) 702 final} - {SWD(2026) 703 final}

1. RÉAMHRÁ

Tá an t-uisce riachtanach don saol agus, dá bhrí sin, dár sochaí agus dár ngeilleagar. Tá acmhainní uisce an Aontais fós faoi bhrú mór, áfach, mar gheall ar mhíbhainistiú struchtúrach, úsáid neamh-inbhuanaithe talún, athruithe hidreamhoirfeolaíocha, truailliú, an t-athrú aeráide, éileamh méadaithe ar uisce agus uirbiú. Mar a leagtar amach sa Mheasúnú Eorpach ar Rioscaí Aeráide[1], tá an t-athrú aeráide ag cur leis na brúnna sin agus ag cur leis na rioscaí a bhaineann le huisce i bhfoirm triomaigh níos minice agus ar feadh tréimhsí fada agus frasaíochta foircní a chuireann slándáil bia, sláinte phoiblí, éiceachórais, bonneagar agus geilleagar na hEorpa i mbaol. Díreach le míonna beaga anuas, chonacthas san Eoraip arís na mórthionchair a bhí ag teagmhais fhoircneacha a bhaineann le huisce ba chúis le bás daoine go tragóideach agus leis na billiúin euro de dhamáiste. In 2024, bhí triomach fada ann i roinnt tíortha sa Mheánmhuir, a raibh tionchar aige go háirithe ar lár agus ar dheisceart na hIodáile, ar iarthuaisceart na Spáinne, ar an nGréig, agus ina dhiaidh sin bhí tuilte tromchúiseacha a rinne difear don chuid is mó de lár agus d'oirthear na hEorpa, agus níos déanaí san Iodáil agus sa Spáinn freisin.

Tá bainistiú inbhuanaithe uisce, a chumhdaítear i bpríomh-Threoir Réime an Aontais Eorpaigh maidir le hUisce[2] agus sa Treoir maidir le Tuilte[3], i gcroílár na freagartha ar an ngéarchéim phláinéadach thriarach maidir leis an athrú aeráide, le cailliúint na bithéagsúlachta agus leis an truailliú. Tá ról lárnach aige maidir le hathléimneacht an Aontais a neartú.

Tá glacadh na tuarascála cur chun feidhme seo, oibleagáid dhlíthiúil de chuid an Choimisiúin,[4]ag tráth ríthábhachtach, nuair atá tuiscint níos fearr ar thábhacht an uisce ag méadú, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda araon, i ngach cuid den tsochaí. Measann tromlach mór de dhaonra an Aontais a bhí rannpháirteach sa suirbhé Eorabharaiméadair is déanaí maidir leis an gcomhshaol[5] gurb iad an truailliú, an róthomhaltas agus an t-athrú aeráide na príomhbhagairtí ar an uisce agus tacaíonn siad le bearta breise de chuid an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna uisce san Eoraip. Creideann siad freisin nach bhfuil go leor á dhéanamh ag beagnach aon cheann de na príomhearnálacha eacnamaíocha chun uisce a úsáid go héifeachtúil. Léirigh institiúidí agus páirtithe leasmhara an Aontais na hábhair imní sin freisin. D'iarr Parlaimint na hEorpa go bhforbrófaí Straitéis an Aontais maidir le hUisce.[6] Tá 'Comhaontú Gorm don Eoraip' á iarraidh ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus ag Coiste na Réigiún[7]. Sa chlár oibre straitéiseach

[1]EEA (2024), European climate risk assessment [An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (2024), Measúnú Eorpach ar Rioscaí Aeráide]. Uimh. 1/2024, https://www.eea.europa.eu/publications/european-climate-risk-assessment.

[2] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

[3] Treoir 2007/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le rioscaí tuilte a mheasúnú agus a bhainistiú (IO L 288, 6.11.2007, lch. 27).

[4] Mar a cheanglaítear le hAirteagal 18 den Treoir Réime maidir le hUisce agus le hAirteagal 16 den Treoir maidir le Tuilte.

[5] https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/3173?etrans=ga

[6] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Meán Fómhair 2022 maidir le hiarmhairtí triomach, dóiteáin agus feiniméin eile adhaimsire: iarrachtaí an Aontais a mhéadú chun an t-athrú aeráide a chomhrac (2022/2829(RSP)) agus díospóireachtaí Iomlánacha Pharlaimint na hEorpa ina dhiaidh sin.

[7] Scáth-thuairim ó CESE 'Achainí ar son Comhaontú Gorm don Eoraip' CCMI/209 (25 Deireadh Fómhair 2023).

2024-2029[8], gheall an Chomhairle Eorpach 'athléimneacht uisce ar fud an Aontais' a neartú sa chéad sainordú eile. Tá méadú ag teacht ar an éileamh ón earnáil phríobháideach agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta go ndéanfaí tuilleadh gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais maidir le huisce mar a léirítear sa litir chuig an leibhéal is airde sa Choimisiún[9]. Ar an leibhéal domhanda, cuireadh móiminteam láidir ar fáil ar an leibhéal idirnáisiúnta le Comhdháil Uisce na Náisiún Aontaithe i mí an Mhárta 2023 inar chuir an tAontas a fhís i láthair maidir le domhan atá athléimneach ó thaobh uisce de faoi 2050.
Mar fhreagairt ar na hiarrataí sin, fógraíodh i dTreoirlínte Polaitiúla 2024-2029 don chéad Choláiste eile go nglacfaí **Straitéis Athléimneachta Eorpach nua maidir le hUisce** chun slándáil uisce na hEorpa a neartú trí cháilíocht agus cainníocht uisce a chaomhnú san Aontas agus níos faide i gcéin, trí bhuntáiste nuálach iomaíoch ár dtionscail uisce a fheabhsú, agus trí aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na ndúshlán uisce, lena n-áirítear truailliú, cailliúint na bithéagsúlachta, agus tionchair an athraithe aeráide.

Is é is aidhm don tuarascáil seo an fhianaise is déanaí maidir le staid an uisce, an brú atá ar acmhainní uisce agus bearta na mBallstát chun na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach sa dá Threoir sin a bhaint amach a chur in iúl don Chomhairle, don Pharlaimint nua chomh maith le hinstitiúidí agus páirtithe leasmhara eile an Aontais. Cuireann sé mapáil chuimsitheach ar fáil ar dhúshláin uisce san Aontas a bheidh mar bhonn eolais d'fhorbairt na Straitéise Athléimneachta maidir le hUisce a bheidh ann amach anseo.

Ina theannta sin, i bhfianaise sprioc-am 2027 a leagtar síos faoin Treoir Réime maidir le hUisce chun dea-stádas a bhaint amach d'uiscí uile an Aontais, tugtar deis uathúil leis an tuarascáil seo breithniú a dhéanamh ar an staid mar atá ar an láthair agus moltaí a chur ar aghaidh chuig na Ballstáit chun dlús a chur lena n-iarrachtaí. Baineann an rud céanna le cuspóirí um bainistíocht riosca i gcás tuilte faoin Treoir maidir le hUisce atá níos ábhartha ná riamh.

Ós rud é gurb í seo an chéad tuarascáil cur chun feidhme ó glacadh an Comhaontú Glas don Eoraip, rinneadh measúnú ar dhul chun cinn na mBallstát i gcomhthéacs spriocanna bithéagsúlachta, truaillithe nialasaigh agus aeráide an Aontais a bhaint amach agus geilleagar atá ag éirí níos glaine agus níos ciorclaí. Dá bhrí sin, tá an tuarascáil bunaithe ar rannchuidiú ghníomhaíochtaí na mBallstát chun dul i ngleic leis na trí éigeandáil idirghaolmhara sin.

Tá an tuarascáil bunaithe ar mheasúnú an Choimisiúin ar an tríú plean bainistithe abhantraí agus ar an dara plean bainistithe riosca tuilte le haghaidh 2022-2027[10] arna n-ullmhú agus arna dtuairisciú ag na Ballstáit. Tá na pleananna sin bunaithe ar shonraí faireacháin a bailíodh idir 2016 agus 2021. Ciallaíonn sé sin, cé gur foilsíodh í tar éis an Chomhaontaithe Ghlais, go léirítear sa tuarascáil den chuid is mó an staid a bhí ann roimh an gComhaontú Glas. Ní léirítear ann na tairbhí a bhfuil coinne leo ó na tionscnaimh cheannródaíocha atá leagtha amach sa Chomhaontú Glas.

Tá sraith doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin ag gabháil leis an tuarascáil ina dtugtar forléargas an Aontais ar chur chun feidhme na Treorach Réime maidir le hUisce,

[8] https://www.consilium.europa.eu/ga/european-council/strategic-agenda-2024-2029/
[9] Joint-Letter-on-the-Water-resilience-Initiative_-Final-Version-1.pdf (euase.net).
[10] Chumhdaigh na chéad phleananna bainistithe abhantraí an tréimhse 2009-2015. Chumhdaigh an dara plean bainistithe abhantraí agus an chéad phlean bainistithe riosca tuilte an tréimhse 2016-2021.

na dtreoracha gaolmhara agus na Treorach maidir le Tuilte. Áirítear sa tuarascáil measúnuithe aonair na mBallstát agus moltaí tírshonracha.

Beidh na moltaí sin mar bhonn d'idirphlé struchtúrtha leis na Ballstáit chun feabhas mór a chur ar chur chun feidhme na ndlíthe sin, ag tógáil ar an iliomad dea-chleachtas agus mórghníomhartha ar fud an Aontais.

Tá éiceachórais fionnuisce agus mhuirí idirnasctha. Bíonn tionchar an-láidir ag truailliú abhann, cur isteach ar shreafaí dríodair agus ganntanas uisce ar shláinte na n-éiceachóras muirí, go háirithe na héiceachórais chósta, agus ar inmharthanacht gníomhaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha a bhíonn ag brath orthu, amhail iompar, iascach, dobharshaothrú nó turasóireacht. Comhlánaíonn an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí an Treoir Réime maidir le hUisce agus braitheann sí ar na hionstraimí beartais a bhaineann le huisce agus ar ionstraimí beartais eile de chuid an Aontais chun a cuspóirí a bhaint amach. Chun dlús a chur le cur chun feidhme éifeachtach, tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún cur chuige níos comhtháite agus níos comhleanúnaí a spreagadh maidir le reachtaíocht fionnuisce agus uisce muirí a chur chun feidhme, i gcomhréir le cur chuige 'ó fhoinse go muir'.[11] Ar an gcúis sin, forbraíodh an tuarascáil seo i ndlúthchomhar leis na measúnuithe ar an dara clár beart arna ndéanamh ag na Ballstáit faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus foilsítear í ag an am céanna. Tugadh aird ar leith ar bhéim a leagan ar iarrachtaí comhordúcháin i gcur chun feidhme na dTreoracha agus ar na naisc idir gníomhaíocht faoin Treoir Réime maidir le hUisce agus baint amach na gcuspóirí faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí.

2. PLEANANNA BAINISTITHE ABHANTRAÍ AGUS PLEANANNA BAINISTITHE RIOSCA TUILTE AN DUL CHUN CINN MAIDIR LE GLACADH AGUS TUAIRISCIÚ

Cé gur ceanglaíodh ar na Ballstáit a bpleananna a ghlacadh faoi mhí an Mhárta 2022, ar an drochuair, ghlac go leor acu go déanach iad. Mar thoradh air sin, chuir an Coimisiún tús le himeachtaí dlíthiúla i gcoinne na mBallstát uile de shárú ar na ceanglais dhlíthiúla. Fiú amháin nuair a bhí an measúnú seo á thabhairt chun críche, ní raibh a bpleananna bainistithe abhantraí ná a bpleananna bainistithe riosca tuilte glactha ag na Ballstáit uile agus níor chuir siad faoi bhráid an Choimisiúin iad.[12] Ar an gcúis sin, ní chumhdaítear na tíortha ná na réigiúin sin sa tuarascáil seo.

Is iad an Bhulgáir, an Chipir, an Ghréig, Málta, an Phortaingéil, an tSlóivéin agus Éire na 7 mBallstát nach n-áirítear sa mheasúnú reatha um plean bainistithe abhantraí, agus is iad an Bhulgáir, an Chipir, an Ghréig, Málta, an Phortaingéil agus an tSlóvaic na 6 Bhallstát nach n-áirítear sa mheasúnú reatha um plean bainistithe riosca tuilte. Foilseofar na sonraí óna

[11] Tagraíonn cur chuige 'ó fhoinse go muir' do bhunú rialachais lena méadaítear comhar agus comhleanúnachas ar fud an chórais ó fhoinse go muir agus lena laghdaítear athrú ar phríomhshreafaí (uisce, truailliú, dríodar, ábhair, bithra, seirbhísí éiceachórais) as a dtagann feabhas intomhaiste eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil ar fud timpeallachtaí fionnuisce, cósta, cladaigh, idirthréimhseacha agus muirí. Breithnítear ann an córas ar fad ó fhoinse go muir – ag cur béime ar naisc chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha réamhtheachtacha agus iartheachtacha agus ag spreagadh comhordú ar fud earnálacha agus ranna.

[12] Faoin scoithdháta atá le cur san áireamh do mheasúnú na tuarascála seo an 30 Meán Fómhair 2023, theip ar an mBulgáir, ar an gCipir, ar an nGréig, ar Mhálta agus ar an bPortaingéil a bpleananna bainistithe abhantraí agus a bpleananna bainistithe riosca tuilte a thíolacadh. Níor thuairiscigh an tSlóivéin agus Éire ach pleananna bainistithe riosca tuilte, agus níor thuairiscigh an tSlóvaic ach a pleananna bainistithe abhantraí. Níor thuairiscigh an Spáinn pleananna bainistithe abhantraí i gcás na nOileán Canárach.

bpleananna bainistithe abhantraí agus óna bpleananna bainistithe riosca tuilte a luaithe a chuirfear isteach go leictreonach iad ar ardán Chóras Faisnéise Uisce don Eoraip na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (EEA)[13]. Ina theannta sin, ullmhóidh an Coimisiún doiciméid inmheánacha oibre a bhaineann go sonrach le tír faoi leith ina mbeidh measúnú ar na pleananna agus ar na moltaí tírshonracha. Beidh na sonraí mar chuid de Thuarascáil Faireacháin agus Ionchais maidir le Truailliú Nialasach 2026 freisin, chomh maith le bonn eolais a chur faoi obair a bhaineann le cur chun feidhme straitéisí an Aontais maidir le bithéagsúlacht agus um an oiriúnú don athrú aeráide.

3. MODHEOLAÍOCHT AGUS BREITHNITHE MAIDIR LE HINCHOMPARÁIDEACHT SONRAÍ

Is doiciméid chuimsitheacha iad na pleananna bainistithe abhantraí agus pleananna bainistithe riosca tuilte araon, ina bhfuil idir na céadta agus na mílte leathanach faisnéise, a fhoilsítear i dteangacha náisiúnta. Is tasc an-dúshlánach agus an-chasta é measúnú a dhéanamh orthu, ina ndéantar faisnéis fhairsing a phróiseáil i níos mó ná 20 teanga. Braitheann cáilíocht mheasúnuithe an Choimisiúin ar cháilíocht thuarascálacha na mBallstát. D'fhéadfadh measúnuithe míchearta agus/nó neamhiomlána a bheith mar thoradh ar thuairisciú neamhiomlán nó easnamhach.

Mar gheall ar an easpa tuairiscithe leictreonaigh[14] nó ar chur isteach páirteach an tuairiscithe leictreonaigh ag roinnt Ballstát[15] i mbunachar sonraí WISE,[16] bhí sé níos dúshlánaí fós measúnú an Choimisiúin a dhéanamh. Is é is cúis leis an staid sin, i bpáirt, na deacrachtaí teicniúla a bhíonn ag na Ballstáit agus ardán tuairiscithe EEA á úsáid acu agus, i bpáirt, nach bhfuil dul chun cinn leordhóthanach déanta ag na Ballstáit maidir le sonraí uisce a dhigitiú. Mar thoradh air sin, bhí ar an gCoimisiún a mheasúnú a bhunú ar shonraí agus ar fhaisnéis a bhí ar fáil go páirteach i bhformáid dhigiteach a bhí inchomparáide go héasca agus a baineadh go páirteach de láimh ó na pleananna bainistithe abhantraí, ó na pleananna bainistithe riosca tuilte agus ó fhoinsí ábhartha eile.

Sa bhreis ar an méid thuas, agus an tuarascáil seo á léamh, ba cheart a thabhairt faoi deara go gcuirtear bac ar inchomparáideacht na dtorthaí a eascraíonn as an measúnú ar phlean bainistithe abhantraí 2022-2027 atá ann faoi láthair le torthaí na tréimhse roimhe sin 2016-2021 mar gheall ar thosca éagsúla mar seo a leanas.

1) Rinne roinnt Ballstát cuid dá ndobharlaigh a athaicmiú agus a athshainiú go mór, rud a d'fhág, i gcásanna áirithe, go raibh athrú substaintiúil ar a líon foriomlán.

[13] https://water.europa.eu/freshwater.

[14] Rinne na Ballstáit, páirtithe leasmhara agus an Coimisiún an fhormáid don treoir maidir le tuairisciú agus tuairisciú leictreonach a tharraingt suas i gcomhpháirt le chéile mar chuid de phróiseas comhoibríoch ar a dtugtar an 'Chomhstraitéis Cur Chun Feidhme'.

[15] I gcás na hIodáile, na Gearmáine agus na Beilge, bhí an anailís bunaithe ar thuairisciú leictreonach a bhí iomlán i bpáirt, arna chomhlánú le sonraí i bhformáidí PDF a cuireadh isteach le haghaidh roinnt pleananna bainistithe abhantraí. Ós rud é nár chuir an Danmhairg, an Fhionlainn, an Ungáir, Lucsamburg, an Pholainn, an tSlóvaic agus an tSualainn sonraí isteach go leictreonach nó gur chuir siad isteach iad ar dháta i bhfad níos déanaí tar éis na PDFanna a chur isteach, is ar na doiciméid PDF amháin (nó den chuid is mó) a bunaíodh a n-anailís.

[16] https://water.europa.eu/freshwater.

2) Mar thoradh ar mhórfheabhsuithe ar chumhdach geografach na gcóras faireacháin ar fud na mBallstát, laghdaíodh líon na gcomhlachtaí a raibh stádas acu nárbh eol roimhe seo.
3) Tá méadú tagtha freisin ar líon na substaintí a áirítear i gcláir faireacháin na mBallstát[17], agus tá roinnt caighdeán cáilíochta tar éis éirí níos déine ón tuarascáil roimhe seo.

D'fhéadfadh cineálacha éagsúla cur chuige náisiúnta maidir le hainmniú agus faireachán na dtruailleán nach ábhar imní iad don Aontas ar fad ach gur ábhar imní iad ach do roinnt áiteanna (ar a dtugtar 'truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha') tionchar láidir a imirt ar an stádas measúnaithe. Chomh maith le sraith choiteann truailleán, déanann roinnt tíortha faireachán ar i bhfad níos mó truailleán ná tíortha eile.

4. CÉN STAID INA BHFUIL UISCÍ AN AONTAIS?

Cumhdaítear 20 Ballstát le measúnú na tuarascála seo ar an tríú plean bainistithe abhantraí. Is é 90 % de dhobharlaigh dhromchla an Aontais (aibhneacha, lochanna agus uiscí trasdultacha agus cósta) atá i gceist leis sin agus céatadán comhchosúil de dhobharlaigh screamhuisce an Aontais (nó thart ar 97 000 dobharlach dromchla agus 15 000 dobharlach screamhuisce).

Tugtar tuilleadh léargais ar stádas dhobharlaigh na hEorpa i dTuarascáil EEA 2024 ar Staid Uiscí na hEorpa[18] a foilsíodh an 15 Deireadh Fómhair 2024. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go gcumhdaítear i dtuarascáil EEA méid beag níos lú (19 mBallstát den Aontas) agus fothacar éagsúil Ballstát ós rud é nach bhfuil sí bunaithe ach ar shonraí leictreonacha arna gcur faoi bhráid WISE.

Tá méadú tagtha ar leibhéal eolais na mBallstát maidir le staid na ndobharlach. Tá feabhas mór tagtha ar chumhdach geografach na gcóras faireacháin ar fud fhormhór na mBallstát agus ar líon na n-eilimintí bitheolaíocha agus ceimiceacha cáilíochta uisce a chumhdaítear. Thairis sin, tá méadú tagtha ar líon na substaintí tosaíochta[19] a ndéanann na Ballstáit faireachán orthu[20], agus i gcásanna áirithe tá caighdeáin cháilíochta tar éis éirí níos déine ón tuarascáil dheireanach. Mar sin féin, tá bearnaí fós ann maidir le faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe i roinnt Ballstát[21], agus maidir le difríochtaí sna modheolaíochtaí a chuireann na

[17] Ní hamháin go ndearna roinnt Ballstát faireachán ar na 12 shubstaint tosaíochta nua a cuireadh isteach in 2013 agus gur úsáid siad iad le haghaidh measúnú stádais (cé nach bhfuil an dáta comhlíontachta ann go dtí an 22 Nollaig 2027), ach freisin substaintí ó na 33 shubstaint tosaíochta bhunaidh nár cumhdaíodh roimhe seo, cé gur cheart iad a bheith cumhdaithe.

[18] Tuarascáil EEA 7/2024, *Europe's state of water 2024* [Staid an uisce san Eoraip 2024]. *The need for improved water resilience [An gá atá le hathléimneacht níos fearr maidir le huisce]* (https://www.eea.europa.eu/en/analysis/publications/europes-state-of-water-2024).

[19] Substaintí a bhfuil riosca mór ag baint leo don chomhshaol uisceach nó tríd an gcomhshaol uisceach, atá liostaithe sa Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil, arna leasú in 2013 agus sa Treoir maidir le Screamhuisce.

[20] Ní hamháin go ndearna roinnt Ballstát faireachán ar na 12 shubstaint tosaíochta nua a cuireadh isteach in 2013 agus gur úsáid siad iad le haghaidh measúnú stádais (cé nach mbeidh an dáta comhlíontachta ann go dtí an 22 Nollaig 2027), ach go ndearnadh amhlaidh freisin i gcás substaintí ó na 33 shubstaint tosaíochta bhunaidh nár cumhdaíodh roimhe seo, cé gur cheart iad a bheith cumhdaithe.

[21] Is iad na substaintí a d'fhág an chuid is mó ná pairifíní clóirínithe gearrshlabhracha. I measc na substaintí eile nach n-áirítear sna cláir faireacháin uile bhí dé-úrón, cuineocsaifein agus tríbhúitiltin. Tugadh le fios san aiseolas ó na pleananna bainistithe abhantraí gur bhain an phríomhchúis gur fágadh na substaintí sin ar lár le dúshláin theicniúla san anailís nó leis an easpa caighdeán a bhí ar fáil chun an anailís a chur i gcrích.

Ballstáit i bhfeidhm agus faireachán á dhéanamh ar shubstaintí tosaíochta, ní féidir torthaí a chur i gcomparáid le chéile i gcónaí. Ciallaíonn sé sin go bhfuil i bhfad níos mó eolais ag na Ballstáit faoi ghnéithe agus staid a ndobharlach. Tá saincheisteanna nach raibh ar eolas nó nár braitheadh tráth á nochtadh anois, agus uaireanta díríonn na fionnachtana sin ar dhrochstádas uisce[22]. Mar sin féin, breis agus scór bliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach Réime maidir le hUisce, tá formhór mór a ndobharlach dromchla nach eol a stádas ceimiceach fós ag 3 cinn as na 20 Ballstát a ndearnadh measúnú orthu. Is iad sin an Liotuáin (94.6 % d'uiscí dromchla nach eol a stádas), an Danmhairg (92.5 %) agus an Eastóin (82.7 %).

Ag an am céanna, léirítear go soiléir sa mheasúnú, cé go bhforordaítear leis an Treoir Réime maidir le hUisce roinnt gnéithe coiteanna le haghaidh faireacháin, go bhfuil difríochtaí móra ann i **gcleachtais na mBallstát, i minicíocht an fhaireacháin agus sna paraiméadair** a thomhaistear. Is dúshlán mór é sin ó thaobh inchomparáideacht an mheasúnaithe stádais de.

I dteannta na ndifríochtaí sin agus in ainneoin an dul chun cinn, tá **bearnaí móra fós san fhaireachán ar stádas éiceolaíoch**, ó thaobh cumhdach spásúil agus muinín an mheasúnaithe araon. Barúil eile a thugann léargas ar chúrsaí is ea gur minic a úsáideann na Ballstáit, seachas faireachán eimpíreach a dhéanamh ar na paraiméadair, breithiúnas saineolaithe nó eachtarshuíomh chuig grúpa dobharlach atá faoi réir brúnna comhchosúla.

Uiscí Dromchla: cad é a stádas éiceolaíoch nó a n-acmhainneacht éiceolaíoch?

Is é conclúid an Choimisiúin, bunaithe ar na sonraí ó 2016-2021 den chuid is mó a tuairiscíodh sa tríú plean bainistithe abhantraí le haghaidh 2022-2027, go ndealraíonn sé go bhfuil dea-stádas éiceolaíoch nó dea-acmhainneacht éiceolaíoch ag 39.5 % de dhobharlaigh dromchla san Eoraip[23]. Baineann an figiúr sin leis an bhfigiúr céanna (39.1 %) agus a thuairiscigh na tíortha céanna sa dara plean bainistithe abhantraí le haghaidh 2016-2021, a d'úsáid sonraí ó 2009-2015 den chuid is mó[24]. Tá sé sin comhsheasmhach le torthaí na dTreoracha maidir le Níotráití, ina léirítear gur tuairiscíodh gur aibhneacha eotrófacha iad 36 % d'aibhneacha, 32 % de lochanna, 31 % d'uiscí cósta, 32 % d'uiscí trasdultacha agus 81 % d'uiscí mara ar leibhéal an Aontais.[25]

Fíor 1 — Athrú ar an measúnú ar stádas éiceolaíoch dhobharlaigh dhromchla an Aontais ón gcéad, ón dara agus ón tríú plean bainistithe abhantraí (Foinse: Wise Freshwater agus mianadóireacht sonraí PDF)

[22] Tá an faireachán ar láithreacht an truaillithe ar fud dríodair agus speiceas beo le haghaidh measúnú ar threochtaí fadtéarmacha fós éagsúil laistigh de na Ballstáit agus ar fud na mBallstát agus neamhiomlán den chuid is mó.

[23] Is é dea-acmhainneacht éiceolaíoch an cuspóir atá le baint amach ag dobharlach atá modhnaithe go mór nó atá saorga.

[24] Sonraí a bhaintear as WISE Freshwater (https://water.europa.eu/freshwater).

[25] Féach an Tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le Níotráití ó 2021, lch. 5, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52021DC1000.



Cé gur tugadh roinnt feabhsuithe teoranta faoi deara i roinnt Ballstát, thuairiscigh Ballstáit eile nach raibh aon fheabhas nó laghdú mór ar chéatadán na ndobharlach dromchla a bhfuil dea-stádas éiceolaíoch nó ardstádas acu nó dea-acmhainneacht nó ardacmhainneacht éiceolaíoch acu. Thuairiscigh an Pholainn (-22.9 %), an Liotuáin (-15.5 %), an tSlóvaic (-14.9 %), an tSeicia (-13.3 %), an Chróit (-9.1 %) agus an Eastóin (-7.6 %) laghdú mór ar líon na ndobharlach a bhfuil dea-stádas éiceolaíoch nó dea-acmhainneacht éiceolaíoch acu. D'fhéadfadh an laghdú sin a bheith ann den chuid is mó mar gheall ar eolas i bhfad níos fearr agus tuiscint níos fearr ar staid a ndobharlach i gcomparáid leis an timthriall roimhe sin.

D'ainneoin an fheabhsaithe fhoriomláin theoranta ar chéatadán na ndobharlach a bhfuil dea-stádas éiceolaíoch nó ard acu, is ábhar misnigh é a thabhairt faoi deara, i gcomparáid leis an dá thimthriall de phleananna bainistithe abhantraí roimhe seo (2009-2015 agus 2016-2021), go bhfuil feabhas tagtha ar pharaiméadair áirithe cáilíochta bitheolaíche agus ceimiceacha. D'fhéadfadh sé sin na héifeachtaí dearfacha a bhaineann le bearta roimhe seo a chur chun feidhme a léiriú. Go háirithe,[26] léirítear i dtuarascáil EEA ar Staid Uiscí 2024 le déanaí go bhfuil feabhas tagtha ar stádas fíteaplanctóin, flóra beantach agus inveirteabraigh bheantacha i lochanna, agus go bhfuil feabhsuithe le feiceáil ar inveirteabraigh bheantacha in aibhneacha agus in uiscí trasdultacha. Cé gur díol suntais iad, áfach, ní leor na feabhsuithe páirteacha sin chun staid fhoriomlán na ndobharlach a fheabhsú agus chun na rioscaí gaolmhara don tsláinte agus don chomhshaol a laghdú. Ina theannta sin, is iondúil go ndéantar neamhaird ar na feabhsuithe sin ós rud é go gcuireann an Treoir Réime maidir le hUisce 'cur chuige ceann amháin amach, iad uile amach' i bhfeidhm, rud a thugann le tuiscint nach féidir le dobharlach dea-stádas a bhaint amach ach amháin má bhronntar 'dea-stádas' ar a laghad ar gach eilimint cáilíochta bitheolaíche agus ceimicí.

D'fhéadfadh na feabhsuithe páirteacha sin a ndearnadh neamhaird díobh a mhíniú, go páirteach ar a laghad, cén fáth a léirítear leis an measúnú ar stádas éiceolaíoch sa tríú plean bainistithe abhantraí (lena gcumhdaítear 2022-2027) feabhas teoranta foriomlán i gcomparáid leis an tuarascáil roimhe seo ina ndearnadh measúnú ar an dara plean bainistithe abhantraí (lena gcumhdaítear 2016-2021). D'fhéadfadh sé gurb é is cúis leis an easpa dul chun cinn sin freisin, seachas an méadú thuasluaite ar eolas agus ar chruinneas, méadú féideartha ar na

[26] https://www.eea.europa.eu/en/analysis/publications/europes-state-of-water-2024

brúnna bunúsacha, bearta neamhleora agus dul chun cinn neamhleor maidir leis na bearta atá beartaithe a chur i bhfeidhm.

I bhfianaise an mhéid sin, ní haon ionadh é gur chuir formhór na mBallstát in iúl nach bhfuil siad ag súil le dea-stádas éiceolaíoch ná dea-acmhainneacht éiceolaíoch a bhaint amach dá ndobharlaigh uile faoi 2027.

Tá dul chun cinn mór déanta ag na Ballstáit maidir le coinníollacha tagartha a leagan síos[27] le haghaidh cineálacha éagsúla uisce. Tá na coinníollacha sin fíor-riachtanach chun tagarmharcanna a leagan síos agus chun tionchair ghníomhaíochtaí an duine ar eilimintí bitheolaíocha, fisiceimiceacha agus hidreamhoirfeolaíocha a thomhas. Ina theannta sin, tá dul chun cinn ollmhór déanta ar leibhéal an Aontais a bhuí leis an gcleachtadh idirchalabraithe,[28] lena gcomhchuibhítear na haicmithe náisiúnta maidir le dea-stádas éiceolaíoch. Tá **bearna chomhchuibhithe fós ann ar leibhéal an Aontais**, rud a chuireann bac ar chomparáid a dhéanamh idir an measúnú foriomlán ar stádas.

Uiscí Dromchla: Cén stádas ceimiceach atá acu?

Is táscaire é dea-stádas ceimiceach a bhaint amach chun bogadh **i dtreo truailliú nialasach.** Mar a tharla sa timthriall tuairiscithe roimhe seo, tá difríocht an-mhór idir uisce dromchla agus screamhuisce, agus is minic gur fearr an chosaint a thugtar do screamhuisce.

Léiríonn an fhaisnéis a cuireadh ar fáil sa tríú plean bainistithe abhantraí nach raibh dea-stádas ceimiceach ach ag 22.8 % de dhobharlaigh dhromchla in 2021, i gcomparáid le 33.5 % in 2015. Is cosúil go bhfuil meath mór tagtha air sin.

Cé gur fhan sciar na n-uiscí dromchla a bhfuil dea-stádas acu cobhsaí nó gur tháinig feabhas beag air i roinnt Ballstát i gcomparáid le 2015, tá laghdú tagtha air agus, i gcásanna áirithe, tá laghdú mór tagtha air i roinnt Ballstát eile. Is amhlaidh atá, mar shampla, sa Liotuáin (-98.7 %), san Fhionlainn (-49.5 %), sa Pholainn (-34.2 %), sa tSeicia (-29.9 %), san Ísiltír (-29.8 %), sa tSlóvaic (-26.3 %), sa Chróit (-11.4 %) agus sa Laitvia (-10.6 %).

D'fhéadfadh an meath sin a bheith ann den chuid is mó mar gheall ar fhaireachán feabhsaithe agus eolas níos fearr ar shubstaintí 'marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha uileláithreacha', athruithe móra ar theorannú dobharlach agus caighdeáin níos déine le haghaidh substaintí áirithe.

Maidir le **huiscí dromchla**, is iad substaintí marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha uileláithreacha is cúis leis an móreaspa comhlíontachta den chuid is mó. Is iad **mearcair** agus **hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha** (HIAnna) na comhdhúile is coitianta díobh sin. Tá méideanna móra díobh sin ann cheana féin mar gheall ar thruailliú leagáide agus truailliú nua a leanann de bheith ag dul isteach sa chomhshaol uisceach trí astaíochtaí atmaisféaracha ó dhóchán breoslaí iontaise agus breoslaí eile. Mórghrúpa eile de shubstaintí marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha uileláithreacha is ea **éitir dhéfheinile pholabróimínithe**, a úsáidtear go mór i bpéinteanna, plaistigh, stuáil troscáin cúir, teicstílí, ábhair thógála agus

[27] Sainmhínítear sa Treoir Réime maidir le hUisce na coinníollacha tagartha le haghaidh córas éiceolaíoch mar na dálaí atá i réim in éagmais nó i neas-éagmais suaitheadh daonna.
[28] IO L, 2024/721, 8.3.2024: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024D0721.

próisis thionsclaíocha. Tá éifeacht an-cheannasach ag na 'gnáth-thruailleáin' sin ar aicmiú stádais cheimicigh, toisc nach bhfuil ach cumas teoranta ag an gcomhshaol féiníonú a dhéanamh ar na truailleáin an-mhinic agus an-mharthanach sin. Gan na comhdhúile marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha uileláithreacha sin, bheadh dea-stádas ceimiceach bainte amach ag 81 % de na dobharlaigh dhromchla, arb ionann é, a bheag nó a mhór, agus an céatadán a bhí ann sa timthriall tuairiscithe roimhe sin.

Tá éagsúlacht ann ar fud na mBallstát maidir leis na substaintí eile is cúis le sárú na gCaighdeán Cáilíochta Comhshaoil agus leis an teip dea-stádas ceimiceach a bhaint amach. Mar sin féin, tá **miotail** (e.g. luaidhe, caidmiam, nicil a bhfuil nasc acu de ghnáth le dramhaíl mhianadóireachta, fuíolluisce cathrach agus tionsclaíoch, rith chun srutha uirbeach), **bithicídí** agus **lotnaidicídí** (tríbhúitiltin, clóirpireafos), agus **roinnt truailleán orgánach marthanach** (e.g. heicseaclóraibeinséin) fós le feiceáil go coitianta ar bharr liosta na substaintí as a n-eascraíonn teip fiú má tá toirmeasc ar úsáid roinnt de na substaintí sin le blianta fada anuas.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go leanann substaintí marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha uileláithreacha de bheith freagrach freisin as teip an cuspóir dea-stádais comhshaoil maidir le héilliú faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí a chomhlíonadh i gcás 80 % de limistéar na farraige[29].

Fíor 2 — Athrú ar an measúnú ar stádas ceimiceach dhobharlaigh dhromchla an Aontais ón gcéad, ón dara agus ón tríú plean bainistithe abhantraí (gach substaint, lena n-áirítear substaintí marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha uileláithreacha) (Foinse: Wise Freshwater agus mianadóireacht sonraí PDF)



[29] Tuarascáil ón gCoimisiún, An chéad tuarascáil faireacháin agus ionchais maidir le 'truailliú nialasach', 'Conairí i dtreo aer, uisce agus ithir níos glaine le haghaidh na hEorpa' (COM(2022) 674 final, 8.12.2022).

Fíor 3 — Athrú ar an measúnú ar stádas ceimiceach dhobharlaigh dhromchla an Aontais ón dara agus ón tríú plean bainistithe abhantraí (gan substaintí marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha uileláithreacha) (Foinse: Wise Freshwater agus mianadóireacht sonraí PDF)



Dobharlaigh screamhuisce: Cén stádas ceimiceach atá acu?

Maidir le **dobharlaigh screamhuisce**, in 2021, bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh sa 3ú plean bainistithe abhantraí, bhí dea-stádas ceimiceach ag 86 % de dhobharlaigh screamhuisce. Is feabhas beag é sin i gcomparáid le 82.2 % i gcás an fhothacair chéanna tíortha in 2015.

Is iad **níotráití** na truailleáin is coitianta a thuairiscítear as a dtagann drochstádas ceimiceach[30]. Tagann siad sin den chuid is mó ón diantalmhaíocht agus ón dianfheirmeoireacht stoic trí úsáid mhíchuí nó iomarcach a bhaint as leasacháin agus sciodar/aoileach, a bhfuil nítrigin agus fosfar iontu uile. Is amhlaidh atá i gcás 17 mBallstát as an 20 Ballstát. Ní thuairiscíonn ach an Eastóin, an Laitvia agus an Liotuáin nach bhfuil níotráití ina gcúis le teip ar stádas ceimiceach ina screamhuisce. Tá **lotnaidicídí** agus a meitibilítí freagrach as an teip dea-stádas ceimiceach a bhaint amach i 9 mBallstát (an Ostair, an Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhrainc, Lucsamburg, an Ísiltír agus an Spáinn). **Fosfáit** agus **amóiniam,** a thagann ón diantalmhaíocht agus ón dianfheirmeoireacht stoic den chuid is mó, bíonn drochstádas ceimiceach mar thoradh orthu freisin agus bíonn tionchar ar leith acu i dtíortha amhail an tSlóvaic agus an tSeicia.

Áirítear le substaintí eile a luaitear mar shubstaintí as a dtagann céatadán níos lú de dhobharlaigh screamhuisce a bhfuil drochstádas ceimiceach acu (i.e. níos lú ná 10 % de réir roinnt Ballstát) truailleáin a fhaightear go nádúrtha, amhail clóiríd, sulfáit, potaisiam, iarann

[30] De réir EEA, níl aon athrú mór tagtha ar an meántiúchan níotráite i ndobharlaigh screamhuisce an Aontais ó 2021 i leith (EEA, 2023).

agus carbón orgánach iomlán. Ní luaitear tuaslagóirí tionsclaíocha, HIAnna, éitear búitileach treasach meitile (MTBE — a úsáidtear go príomha mar bhreiseán breosla) agus gníomhaithe dromchlacha ainianacha (coitianta i ngallúnacha agus i nglantaigh) chomh minic céanna mar chúis le drochstádas (ach thuairiscigh an Fhionlainn, an Fhrainc, an Iodáil agus an Laitvia iad).

Fíor 4 — Athrú ar an measúnú ar stádas ceimiceach dhobharlaigh screamhuisce an Aontais ón gcéad, ón dara agus ón tríú plean bainistithe abhantraí (Foinse: Wise Freshwater agus mianadóireacht sonraí PDF)



Stádas cainníochtúil dobharlaigh screamhuisce — an bhfuil go leor uisce iontu?

Agus comparáid á déanamh idir stádas cainníochtúil screamhuisce sa tacar céanna Ballstát, is ábhar misnigh é feabhas beag a thabhairt faoi deara: Tuairiscíodh go raibh dea-stádas ag 95 % de dhobharlaigh screamhuisce in 2016-2021 i gcomparáid le 92.4 % in 2009-2015. Léiríonn na sonraí a tuairiscíodh go ndealraíonn sé go bhfuil athshlánú dobharlach screamhuisce, ar sciar mór de chúltaiscí an Aontais é, daingnithe den chuid is mó. Cé go bhféadfadh sé sin a thabhairt le fios nach ndearna an t-athrú aeráide difear (fós) do screamhuisce an Aontais, ní mór a chur i dtábhacht go láidir nach ndéanann gach Ballstát riachtanais na n-éiceachóras atá ag brath ar screamhuisce a mheas go leordhóthanach, agus nach léirítear sa phictiúr sin a glacadh in 2021 tionchair na mblianta ina dhiaidh sin arbh iad na blianta ba thirime an céad seo iad.

Fíor 5 — Athrú ar an measúnú ar stádas cainníochtúil dhobharlaigh screamhuisce an Aontais ón gcéad, ón dara agus ón tríú plean bainistithe abhantraí (Foinse: Wise Freshwater agus mianadóireacht sonraí PDF)



Mar sin féin, tá mórdhifríochtaí geografacha ar fud an 20 Ballstát a chumhdaítear sa tuarascáil seo (féach Fíor 6).

Fíor 6 – Forléargas ar stádas cainníochtúil na ndobharlach screamhuisce de réir Ballstáit in 2021



I 84 % de na cásanna aitheanta theip ar dhobharlaigh screamhuisce dea-stádas cainníochtúil a bhaint amach toisc go mbaintear níos mó uisce ón uiscíoch ná a chumas nádúrtha le hathshlánú. Ar na cúiseanna eile gur theip ar dhea-stádas cainníochtúil tá cur isteach sailíne (25 %), tionchair ar éiceachórais uisceacha atá nasctha le dobharlaigh screamhuisce (20 %) agus éiceachórais talún spleácha (9 %).

Rinne beagnach gach Ballstát tuairiscithe[31] **measúnú ar chothromaíocht uisce**[32] don tríú plean bainistithe abhantraí, agus rinne an chuid is mó acu measúnú ar threochtaí fadtéarmacha freisin. Mar sin féin, murab ionann agus forálacha na Treorach Screamhuisce, agus measúnú á dhéanamh ar stádas cainníochtúil dobharlach screamhuisce, ní chuireann na Ballstáit riachtanais na **n-éiceachóras uisceach atá bainteach le screamhuisce** agus **na n-éiceachóras talún atá spleách ar screamhuisce san áireamh i gcónaí**. Is bearna mhór é sin ós rud é gur féidir le gníomhaíochtaí an duine a athraíonn leibhéil screamhuisce difear mór a dhéanamh do stádas dobharlach dromchla nó damáiste a dhéanamh d'éiceachórais luachmhara, ar nós bogach.

Le linn na 3 thimthriall cur chun feidhme roimhe seo, thuairiscigh na Ballstáit go bhfuil dea-stádas cainníochtúil ag cion ard screamhuiscí. Tá sé sin i gcodarsnacht leis an méadú ar ghanntanas uisce ar fud an Aontais, áfach, agus leis an spleáchas méadaithe a breathnaíodh ar dhobharlaigh screamhuisce mar fhoinse soláthair le haghaidh seirbhísí poiblí agus uisciúcháin, as a dtagann astarraingtí méadaithe[33]. Cuireann sé sin i dtábhacht do na Ballstáit modheolaíochtaí comhaontaithe a chur i bhfeidhm ar bhealach níos fearr chun measúnú a dhéanamh ar an stádas cainníochtúil trí éagsúlachtaí séasúracha agus tionchair luathaithe an athraithe aeráide a chur san áireamh go cuí, agus ag an am céanna brath níos lú ar threochtaí stairiúla agus ról an screamhuisce maidir le tacú le haibhneacha agus le héiceachórais a mheas go hiomlán. Ní leor measúnú nach bhfuil bunaithe ach ar leibhéil screamhuisce[34]. Léiríonn an staid freisin, mar a mhol EEA, go bhféadfadh gá a bheith le hathbhreithniú a dhéanamh ar na modheolaíochtaí atá ann cheana.

Díol suntais atá ann go síleann roinnt Ballstát go rachaidh an staid in olcas agus iad ag tuar go dtiocfaidh méadú mór i gcásanna áirithe ar líon na ndobharlach screamhuisce atá i mbaol gan dea-stádas cainníochtúil a bhaint amach faoi 2027 (féach Fíor 7 thíos).

Fíor 7 — Céatadán na ndobharlach screamhuisce a thuairiscíonn na Ballstáit go bhfuil an baol ann nach mbainfidh siad dea-stádas cainníochtúil amach faoi 2027 (tíortha a bhfuil ríomhthuairisciú acu amháin)

[31] Cé is moite de Lucsamburg, áit a bhfuil an cleachtadh ar siúl faoi láthair.
[32] Is éard is cothromaíocht uisce ann an méid uisce atá ar fáil lena leithdháileadh, arna chomhaireamh mar insreabha lúide eis-sreabha in abhantrach nó i bhfo-abhantrach ar leith.
[33] De réir EEA, tháinig méadú ar an sciar screamhuisce den astarraingt iomlán uisce ó 19 % in 2000 go 23 % in 2019.
[34] Féach treoirnóta Uimh. 18 maidir leis an gComhstraitéis Cur Chun Feidhme.



- **Bosca 1: Cén fáth a bhfuil an tAontas fós chomh fada sin ó chuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce a bhaint amach?**
- Le himeacht na mblianta, chuir cur chun feidhme na Treorach Réime maidir le hUisce feabhas de réir a chéile ar an eolas agus ar an tuiscint ar staid aibhneacha, lochanna, uiscí trasdultacha, uiscí cósta agus screamhuiscí an Aontais. Tá míniú páirteach san eolas feabhsaithe sin ar chuid de na treochtaí a leagtar amach thuas.
- Mar sin féin, chomh maith leis an méid atá doiciméadaithe i Seiceáil Oiriúnachta 2019 ar an Treoir Réime maidir le hUisce[35], bhí ról ag go leor tosca, agus tá ról fós acu, maidir le bac a chur ar chur chun feidhme éifeachtach na Treorach Réime maidir le hUisce agus rannchuidigh siad leis an dul chun cinn mall foriomlán ó bunaíodh í. Ar na tosca sin áirítear:

  - na brúnna a shainaithint go déanach nó gannmheastachán a dhéanamh orthu chomh maith le gannmheastachán ar na hiarrachtaí is gá chun creat rialachais a chruthú a bheidh oiriúnach do dhálaí sonracha sna Ballstáit;
  - laghdú neamhleor ar na brúnna foriomlána ar dhobharlaigh, go háirithe brúnna a bhaineann le truailliú idirleata (murab ionann agus an rath coibhneasta maidir le déileáil le truailliú poncfhoinse) agus díghrádú gnáthóige (a mbeadh géarghá le bearta athchóirithe ina leith chun aghaidh a thabhairt ar bhrúnna ón am a chuaigh thart, lena n-áirítear athruithe hidreamhoirfeolaíocha agus truailliú leagáide);
  - bearta beartais éifeachtacha a thabhairt isteach go mall ós rud é gur minic nach mbíonn cláir beart na mBallstát bunaithe go leordhóthanach ar anailís ar bhrúnna agus ar thionchair, agus go mbíonn claonadh ann brath ar réitigh theicneolaíocha éasca lena dtugtar aghaidh ar thruailliú poncfhoinse ach nach ndírítear ar fhoinsí eile truaillithe den chuid is mó;
  - comhsheasmhacht theoranta ar fud na mbeartas ábhartha toisc go mbraitheann dea-stádas dobharlach go criticiúil freisin ar chuspóirí uisce a chomhtháthú i réimsí beartais

[35] SWD(2019) 439 final, lch. 116.

eile, amhail talmhaíocht, fuinneamh agus iompar;
- ní thugtar tosaíocht do bhearta chun dea-stádas uisce a bhaint amach murab ionann agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile;
- spleáchas ceannasach ar bhearta bunúsacha[36] seachas ar bhearta forlíontacha breise a chuirtear chun feidhme ar scála atá leordhóthanach chun cuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce a bhaint amach;
- an t-am a thógann sé ar an dúlra freagairt do na bearta sula bhfeictear na torthaí a bhfuiltear ag súil leo;
- tionchair an athraithe aeráide (i.e. méadú ar theocht an uisce) a bhraitear níos mó agus níos mó;
- an easpa cistiúcháin agus srianta ar an acmhainneacht riaracháin.

5. RIALACHAS AGUS GNÉITHE TRASNAÍ

Tá rialachas cuí ríthábhachtach chun córais chasta bainistithe uisce a oibriú go rianúil sna Ballstáit, ar córais iad a bhraitheann ar rannpháirtíocht go leor leibhéal éagsúil riaracháin agus páirtithe dá ndéantar difear. D'ainmnigh na Ballstáit uile a **n-údaráis inniúla** le haghaidh gach ceantair abhantraí. Is minic a bhíonn roinnt údarás i gceist leis na ceantair sin a bhfuil freagrachtaí orthu maidir le gnéithe éagsúla de na pleananna bainistithe abhantraí. Ar an gcaoi chéanna, tá údaráis inniúla ainmnithe ag na Ballstáit uile le haghaidh na Treorach maidir le Tuilte. D'fhéadfadh sé nach ionann iad sin agus na cinn a cheaptar faoin Treoir Réime maidir le hUisce, agus, i mBallstáit áirithe, ní hionann na haonaid bhainistíochta a shainaithnítear i gcomhréir leis an Treoir maidir le Tuilte agus na cinn i gcás na gceantar abhantraí.

Mar a cheanglaítear leis an Treoir maidir le Tuilte, cuireann go leor Ballstát in iúl gur forbraíodh na pleananna bainistithe riosca tuilte agus na pleananna bainistithe abhantraí ar bhealach comhordaithe agus, uaireanta, ar bhealach comhuaineach[37]. Rinne formhór mór na mBallstát comhairliúchán comhpháirteach lena bpleananna bainistithe abhantraí agus leis na pleananna bainistithe riosca tuilte[38], agus rinne roinnt acu an dá phlean a chomhtháthú in aon phlean amháin. Is léir go bhfuil an staid i measc na mBallstát níos míchothroime do chlár beart na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí. Ní léiríonn ach líon beag Ballstát fianaise ar chomhordú soiléir i bhforbairt chláir beart na Treorach Réime maidir le hUisce agus na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí i dtéarmaí próisis, ábhair agus comhsheasmhachta mar fhreagairt ar na brúnna céanna. Is beag fianaise den chineál céanna ar chomhordú a thagann as tuairisciú comhthreomhar na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí ar an dara clár beart[39]. Dá bhrí sin, is réimse é sin inar gá do na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí **chun cur chuige ó fhoinse go muir a chur chun feidhme.**

[36] Go háirithe, an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh agus an Treoir maidir le Níotráití, a luaitear mar 'bhearta bunúsacha' i gcláir beart na Treorach Réime maidir le hUisce.
[37] Ar an iomlán, chuir 15 de na 21 Bhallstát fianaise láidir ar fáil ina gcuid pleananna bainistithe riosca tuilte gur áirithíodh comhordú leis an Treoir Réime maidir le hUisce, agus go raibh roinnt fianaise ar a laghad ag na 6 Bhallstát eile.
[38] Maidir le comhairliúcháin chomhpháirteacha ar dhréachtphleananna bainistithe riosca tuilte agus ar dhréachtphleananna bainistithe abhantraí, thuairiscigh 15 Bhallstát go ndearna siad iad, i gcomparáid le 13 Bhallstát sa timthriall roimhe sin.
[39] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir le Measúnú an Choimisiúin ar Chláir Beart na mBallstát mar a tugadh cothrom le dáta iad faoi Airteagal 17 de Threoir 2008/56/CE COM(2025) 3 agus Doiciméad Inmheánach Oibre gaolmhar SWD(2025) 1.

Cé go bhfuil **sásraí comhordúcháin** i bhfeidhm ar an iomlán, is cosúil nach leor iad den chuid is mó chun a áirithiú go bhfuil sineirgí iomlána ann agus go bhfuil comhsheasmhacht iomchuí ann ar fud leibhéil éagsúla rialtais (e.g. cineálacha cur chuige nach bhfuil comhchuibhithe go leor chun an Treoir Réime maidir le hUisce a chur chun feidhme ar an leibhéal fonáisiúnta). Ní leor comhordú le beartais earnála eile (e.g. talmhaíocht, fuinneamh) ach oiread, go háirithe maidir leis na bearta is gá chun aghaidh a thabhairt ar na brúnna is mó. D'ainneoin gurb iad na húdaráis inniúla comhshaoil atá freagrach as cur chun feidhme agus forfheidhmiú cuí na Treorach Réime maidir le hUisce agus reachtaíochta comhshaoil eile, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar cuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce a chomhtháthú ar bhealach níos éifeachtaí i mbeartais earnála agus in ionstraimí cistiúcháin (amhail CBT). Is éard atá i gceist leis sin na hidirghabhálacha a dtacaíonn CBT leo a ailíniú leis na bearta sna pleananna bainistithe abhantraí.

Tá móriarrachtaí déanta ag formhór na mBallstát chun borradh a chur faoi **rannpháirtíocht an phobail agus faoi rannpháirtíocht ghníomhach na bpáirtithe leasmhara** i bhforbairt a gcuid pleananna bainistithe abhantraí agus pleananna bainistithe riosca tuilte trí úsáid a bhaint as bealaí agus sásraí comhairliúcháin éagsúla. Ar an iomlán, bhí raon leathan páirtithe leasmhara rannpháirteach i bhformhór na mBallstát. Ní mhínítear in go leor pleananna, áfach, conas a cuireadh an t-ionchur a fuarthas san áireamh agus cé acu a cuireadh nó nár cuireadh na daoine a ndeachthas i gcomhairle leo ar an eolas faoin gcaoi ar breithníodh a dtuairimí. Chuirfeadh cumarsáid thrédhearcach den sórt sin le comhúinéireacht na bpleananna.

Brúnna

Is iad seo a leanas na brúnna is mó ar dhobharlaigh dhromchla[40] sna Ballstáit tuairiscithe uile: **truailliú ó ionchur atmaisféarach** (a dhéanann difear do 59 % de dhobharlaigh), **athruithe hidreamhoirfeolaíocha** (57 %) a eascraíonn as draenáil agus uisciúchán le haghaidh talmhaíochta, hidreachumhachta, cosanta ar thuilte, loingseoireachta nó soláthar uisce óil, agus **truailliú ón talmhaíocht** (32 %). Ar na príomhbhrúnna eile ar fud an Aontais tá **sceitheadh fuíolluisce uirbigh** (14 %), **sceitheadh nach bhfuil nasctha leis an gcóras séarachais** (9 %) agus **astarraingt** (9 %) chun críoch éagsúil. I measc na mbrúnna eile is coitianta a shainaithnítear sna pleananna bainistithe abhantraí tá truailliú ó **ritú chun srutha uirbeacha** (8 %) ó **fhorsceitheadh stoirme** (5 %) agus **sceitheadh ó shuiteálacha tionsclaíocha** (6 %). Ba chóir a thabhairt faoi deara gur féidir an dobharlach céanna a bheith faoi réir brúnna iomadúla, mar sin ní chomhaireann an t-iomlán suas le 100 %.

Ar an drochuair, tá tionchar fós ag brúnna antrapaigineacha neamhaitheanta ar 13 % de dhobharlaigh an Aontais, agus mar sin d'fhéadfaí cur leis an eolas sa réimse sin. Ní shainaithnítear aon bhrú mór ach amháin i gcás 10 % de na dobharlaigh a tuairiscíodh.

Tá méadú ag teacht ar an mbrú ó **speicis choimhthíocha ionracha –** iad siúd is ábhar imní don Aontas[41] agus iad siúd is ábhar imní ar an leibhéal náisiúnta araon — ar éiceachórais fionnuisce agus mhuirí san Eoraip, mar a léiríodh i roinnt tuarascálacha[42]. D'ainneoin an

[40] Bunaithe ar shonraí WISE freshwater lena gcumhdaítear 18 mBallstát den 20 Ballstát a bhfuil na sonraí ina leith ar fáil go leictreonach ó mhí an Mheithimh 2024 ar aghaidh.

[41] Mar a liostaítear i Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach.

[42] Mar shampla, tá méadú faoi sheacht tagtha ar líon na speiceas ionrach neamhdhúchasach fionnuisce le 100 bliain anuas de réir Cid, N. agus Cardoso, A. C., 2013, European freshwater alien species, 'Global Freshwater

tionchair dhírigh a d'fhéadfadh a bheith ag na speicis sin ar dhea-stádas éiceolaíoch a bhaint amach, is cosúil go bhfuil gannmheastachán déanta ar an mbrú sin agus nach sainaithnítear é ach i 2.2 % de na dobharlaigh a tuairiscíodh. Is minic a bhíonn faisnéis maidir le speicis choimhthíocha ionracha agus na bearta a ghlactar chun dul i ngleic leis an bhfadhb ar iarraidh nó gan a bheith an-mhionsonraithe sna pleananna bainistithe abhantraí.

Cé go dtuairiscítear nach bhfuil 71 % de **dhobharlaigh screamhuisce** an Aontais faoi réir aon bhrú mór, déanann raon brúnna difear do bheagnach 30 % díobh. Áirítear leis sin go háirithe **truailliú talmhaíochta idirleata** (e.g. lotnaidicídí agus leasacháin), a dhéanann difear do 59 % de na dobharlaigh screamhuisce a ndéantar difear dóibh, **astarraingt don soláthar uisce poiblí** (25 %), **astarraingt don talmhaíocht** (22 %), **úsáid thionsclaíoch** (12 %) agus **críocha eile** (12 %). Is brúnna móra freisin iad truailliú idirleata ó fhoinsí eile, go háirithe **rití chun srutha uirbeacha** (16 %) agus **sceitheadh nach bhfuil nasctha leis an líonra séarachais** (6 %), mar aon le truailliú ó **láithreáin thionsclaíocha éillithe nó tréigthe** (17 %) agus **truailliú leagáide** (13 %).

Cláir beart

Tá an pictiúr caolchúiseach maidir le hanailís a dhéanamh ar na cláir beart a bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit iad a tharraingt suas chun na brúnna sin a chosc nó a theorannú.

Níor cuireadh líon mór beart a fógraíodh sa dara plean bainistithe abhantraí chun feidhme. Mar a tharla roimhe seo, sainaithníodh gurb é cistiúchán neamhleor beart an bac is mó (86 %), agus ina dhiaidh sin moilleanna gan choinne (81 %), easpa sásraí náisiúnta iomchuí, amhail rialacháin náisiúnta agus bearta eile nár glacadh go fóill (70 %), agus saincheisteanna rialachais (57 %). Ardaítear deacrachtaí go rialta freisin chun an talamh is gá a fháil chun bearta áirithe a chur chun feidhme mar phríomhdhúshlán.

Léiríonn an tríú clár beart a chuirtear i láthair i bpleananna bainistithe abhantraí 2022-2027 go bhfuil cineálacha éagsúla cur chuige ag na Ballstáit i gcónaí maidir lena ndearadh agus lena dtuairisciú. Is minic a bhíonn sraith beart measartha fada sna cláir beart ach is cosúil nach bhfuil roinnt príomhghnéithe iontu. Go háirithe, níl aon mheasúnú soiléir ar an mbearna atá le líonadh chun dea-stádas a bhaint amach. Níl dóthain faisnéise ann freisin maidir le tosaíocht a thabhairt do na bearta bunaithe ar an anailís chostéifeachtachta is gá. Is minic a bhíonn costais agus maoiniú na mbeart atá beartaithe in easnamh. Ós rud é gur minic a áitíonn na Ballstáit go bhfuil deacrachtaí cistiúcháin acu, tugann sé le fios nach ndéantar na hacmhainní is gá chun na cláir beart a chur chun feidhme a dhaingniú roimh ré i gcónaí. Lagaíonn sé sin éifeachtacht na gclár beart.

Biodiversity Atlas' [Speicis choimhthíocha fionnuisce Eorpacha, 'Atlas Domhanda na Bithéagsúlachta Fionnuisce'] (atlas. freshwaterbiodiversity.eu).

6. DUL I NGLEIC LEIS NGÉARCHÉIM THRIARACH PHLÁINÉADACH

6,1. I DTREO TRUAILLIÚ NIALASACH IN AIBHNEACHA, I LOCHANNA, IN UISCÍ CÓSTA AGUS I SCREAMHUISCÍ

6.1.1 Cad atá á dhéanamh chun truailliú ón talmhaíocht a chomhrac?

Tá truailliú idirleata ón **talmhaíocht** ar cheann de na príomhbhrúnna truaillithe ar dhobharlaigh an Aontais arna sainaithint ag gach Ballstát tuairiscithe i mbeagnach gach ceantar abhantraí agus bíonn tionchar aige ar dhobharlaigh dhromchla agus screamhuisce araon. Is é is cúis leis sin go bunúsach cleachtais neamh-inbhuanaithe maidir le bainistiú talún agus úsáid iomarcach agus mhíchuí leasachán agus sciodar/aoileach ar thaobh amháin ina bhfuil nítrigin as a n-eascraíonn níotráití in uisce, ar an taobh eile lotnaidicídí agus substaintí guaiseacha eile. Mar a leagtar amach i Roinn 2 thuas, is iad níotráití an truailleán is mó i ndobharlaigh screamhuisce, agus is iad is cúis freisin go n-éiríonn dobharlaigh dhromchla eotrófach. Tá sé sin comhsheasmhach leis na torthaí ar ualaí cothaitheach ar fud réigiúin mhuirí an Aontais a léiríonn gur ón talmhaíocht a thagann an fhoinse nítrigine is mó san fharraige i gcás na réigiún uile, seachas an Mhuir Dhubh[43]. Feictear pictiúr níos caolchúisí maidir le fosfar, leis an bhfuíolluisce ar an bhfoinse is mó i gcás beagnach gach réigiún muirí, agus is í an talmhaíocht an dara ceann is mó.

Cé gur tugadh feabhsuithe móra faoi deara i gcomparáid leis na 1990idí agus go bhfuil iarrachtaí nach beag déanta ag formhór na mBallstát agus na bhfeirmeoirí chun caillteanais cothaitheach in uiscí a laghdú, léirítear sna sonraí maidir le cáilíocht an fhionnuisce go bhfuil na torthaí imithe i léig. Léiríonn sé sin, chun treocht anuas i dtiúchan cothaitheach a athbhunú, go bhfuil gá le bearta níos radacaí, rud a d'fhéadfadh a bheith deacair a ghlacadh ó thaobh na polaitíochta de. Níl na bearta atá ann faoi láthair leordhóthanach fós chun cuspóirí na Treorach maidir le Níotráití agus na Treorach Réime maidir le hUisce a bhaint amach, beagnach 35 agus 25 bliana tar éis a nglactha, faoi seach. Is féidir é sin a fheiceáil freisin sa mhuirthimpeallacht, go háirithe i Muir Bhailt, an réigiún muirí ina bhfuil an cion is airde d'uiscí cósta ina bhfuil fadhb le dálaí cothaitheach (58 %). Tarlaíonn eotrófú freisin i ndeisceart na Mara Thuaidh, feadh chósta thiar thuaidh na Fraince agus in aice le heis-sreabha abhann sa Mheánmhuir. Ag an am céanna, feictear limistéir fhorleathana atá laghdaithe ó thaobh ocsaigine de i Muir Bhailt agus sa Mhuir Dhubh, arb iad eotrófú, dálaí nádúrtha agus teochtaí uisce níos airde is cúis leo mar gheall ar thionchair an athraithe aeráide.

Is é is cúis leis an marbhántacht sin nach bhfuil ach dul chun cinn teoranta déanta i bhformhór na mBallstát maidir le **measúnuithe ar bhearnaí cainníochtúla** a fhorbairt mar bhonn chun a chinneadh conas ualach na **gcothaitheach** agus na **lotnaidicídí** a laghdú. Rinne an Coimisiún an moladh sin le linn an timthrialla roimhe sin, ach is beag Ballstát a thuairiscigh na laghduithe ar ualach cothaitheach agus thuairiscigh níos lú Ballstát fós go ndearna siad measúnuithe ar éifeachtacht na mbeart a rinneadh go dtí seo.

An tráth céanna, treocht shoiléir spreagúil is ea **an méadú seasta ar sciar na talún feirme atá faoi fheirmeoireacht orgánach san Aontas,** rud a mbíonn leibhéil níos ísle truaillithe cothaitheach agus lotnaidicídí mar thoradh air de ghnáth. Tá éagsúlacht sa luas faoina nglactar leis ar fud na mBallstát, áfach, idir gar do 30 % de tháirgeadh iomlán feirmeoireachta san Ostair agus níos lú ná 1 % i Málta (féach Fíor 8 thíos).

[43] Tuarascáil ar chur chun feidhme na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí (europa.eu).

Fíor 8 — An sciar den limistéar talmhaíochta iomlán a úsáidtear faoi fheirmeoireacht orgánach in 2022 de réir Ballstáit (Foinse: EUROSTAT 2024)[44]



Is iondúil go mbíonn bearta bunúsacha i bhfeidhm, ach ní dhéanann na Ballstáit uile measúnú ar cé acu a bheidh nó nach mbeidh na bearta atá beartaithe leordhóthanach chun dea-stádas a bhaint amach de réir a chéile. I gcás ina ndearnadh measúnuithe ar bhearnaí, tuairiscíonn na Ballstáit nach ndéanfaidh na bearta an bhearna is gá chun truailliú cothaitheach agus lotnaidicídí a laghdú faoi 2027 a dhúnadh 'go hiomlán'. Tá sé sin comhsheasmhach le torthaí an Choimisiúin roimhe seo, lena n-áirítear faoin Treoir maidir le Níotráití.

Ina theannta sin, tá bearta éigeantacha teoranta dóibh siúd a leagtar amach faoi reachtaíocht ábhartha an Aontais[45] agus faoi na ceanglais is infheidhme (traschomhlíonadh agus glasú) faoin gcomhbheartas talmhaíochta (CBT) 2014-2022.

Is cosúil go gcuireann go leor Ballstát srianta ar úsáid lotnaidicídí go príomha nuair is gá feabhas a chur ar stádas na ndobharlach a úsáidtear le haghaidh astarraingt uisce óil. Is féidir leis an CBT tacú leis na ceanglais éigeantacha sin d'fheirmeoirí a eascraíonn as cur chun feidhme na Treorach Réime maidir le hUisce faoi íocaíochtaí ar a dtugtar íocaíochtaí na Treorach Réime maidir le hUisce, ach tá an ionstraim sin fós tearcúsáidte.[46]

[44] Feirmeoireacht orgánach an Aontais: 16.9 milliún heicteár in 2022 — Eurostat (europa.eu).

[45] Go háirithe, an Treoir maidir le Níotráití, an Rialachán maidir le Táirgí Cosanta Plandaí a chur ar an Margadh (Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009), an Treoir maidir le hÚsáid Inbhuanaithe (2009/128/CE).

[46] Thacaigh 4 Bhallstát (an Ostair, an Danmhairg, Lucsamburg agus an Spáinn) leis na híocaíochtaí sin faoi na Cláir Forbartha Tuaithe (2014-2022) agus chuir 5 Bhallstát íocaíochtaí den sórt sin san áireamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT 2023-2027 (an Ostair, an Danmhairg, an Iodáil, Lucsamburg agus an Spáinn). Dhírigh na híocaíochtaí sin den chuid is mó ar shrianta/toirmeasc ar leasachán agus ar úsáid lotnaidicídí i limistéir faoi chosaint uisce óil, agus ar bhearta laghdaithe nítrigine i ndobharcheantair chósta i gcás na Danmhairge.

Is minic a tacaíodh le roinnt beart deonach trí CBT, go háirithe trí ghealltanais agra-chomhshaoil aeráide[47] agus trí bhearta ábhartha eile a áirítear sna Cláir Forbartha Tuaithe (2014-2022) arna bhforbairt ag na Ballstáit. Níor leor na bearta sin, áfach, anuas ar na bearta bunúsacha a cuireadh chun feidhme, chun brúnna ó níotráití agus lotnaidicídí a laghdú. D'fhéadfadh sé gur tharla sé sin mar gheall ar thosca éagsúla lena n-áirítear teorainneacha intreacha i ndearadh na mbeart deonach atá i gceist, an fíoras nach ndearna na Ballstáit na bearta a chlársceidealú go leordhóthanach, glacadh teoranta ag feirmeoirí, nó glacadh teoranta sna limistéir is mó atá buailte.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach, níor cuireadh na bearta talmhaíochta uile a fógraíodh faoin dara plean bainistithe abhantraí chun feidhme mar a bhí beartaithe. Áirítear cistiúchán neamhleor agus moilleanna ar na dúshláin a tuairiscíodh.

Maidir le CBT 2023-2027, is féidir a bheith ag súil le rannchuidiú méadaithe chun dul i ngleic le truailliú ó níotráití agus lotnaidicídí[48]. Áirítear leis sin caighdeáin fheabhsaithe coinníollachta[49], amhail ceanglais neartaithe maidir le bainistiú ithreach (e.g. uainíocht/éagsúlú barr, stiallacha maoláin) agus ceanglas nua atá nasctha le rialuithe ar fhoinsí idirleata truaillithe ó fhosfáití. Tá na hionstraimí atá ar fáil faoi chistiú forbartha tuaithe[50] (gealltanais agra-chomhshaoil aeráide lena n-áirítear feirmeoireacht orgánach, tacaíocht d'infheistíochtaí, íocaíochtaí na Treorach Réime maidir le hUisce, oiliúint/comhairle, nuálaíocht agus comhar) fós ar fáil agus comhlánaíodh iad le héiciscéimeanna a thacaíonn le cleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol/don aeráid; Ní mór do na Ballstáit 25 % ar a laghad de chistiú CERT a thiomnú do na scéimeanna sin[51]. Le tacaíocht ó éiciscéimeanna agus ó ghealltanais agra-chomhshaoil-aeráide cumhdaítear *inter alia* bainistiú feabhsaithe cothaitheach[52] agus úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí[53].

Níl **tairseacha le haghaidh tiúchan cothaitheach** á n-úsáid ag aon Bhallstát chun measúnú a dhéanamh ar dhea-stádas éiceolaíoch uiscí dromchla, agus níl ach cuid acu ag cinneadh cén **laghdú ualaigh** is gá sa taobh thuas den abhainn san abhantrach ábhartha. Mar a leagadh amach níos luaithe, tá tionchar aige sin freisin ar na cuspóirí a leagtar amach sa Treoir Réime um Straitéis Mhuirí a bhaint amach ós rud é, bunaithe ar na sonraí a thuairiscigh na Ballstáit faoi Airteagal 8 den Treoir Réime um Straitéis Mhuirí in 2018, nár bhain 87 % de limistéar na farraige amach an cuspóir maidir le dea-stádas comhshaoil i ndáil le heotrófú.

---

[47] Íocaíochtaí le haghaidh gealltanais ilbhliantúla maidir le cleachtais talmhaíochta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus don aeráid a théann níos faide ná bonnlíne na gceanglas éigeantach.

[48] Féach '*Mapping and analysis of CAP strategic plans*' (2023-2027) ['Mapáil agus anailís ar phleananna straitéiseacha CBT' (2023-2027)] (file:///C:/Users/faltech/Downloads/mapping%20and%20analysis%20of%20cap%20strategic%20plans-KF0323354ENN%20(3).pdf).

[49] Leis an gcoinníollacht déantar nasc idir tacaíocht CBT a fháil go hiomlán agus bunchaighdeáin a bhaineann leis an gcomhshaol, leis an athrú aeráide, leis an tsláinte phoiblí, le sláinte plandaí agus le leas ainmhithe a bheith á gcomhlíonadh ag feirmeoirí agus tairbhithe eile. Is é atá sna bunchaighdeáin cheanglais reachtúla bhainistíochta (CRBanna) agus caighdeáin maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (caighdeáin dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil).

[50] An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), c.f. Rialachán 1305/2013

[51] Féach Airteagal 97(1) agus (2) de Rialachán 2021/2115.

[52] Tá sé beartaithe tacaíocht a thabhairt do chleachtais feirmeoireachta chun bainistiú cothaitheach a fheabhsú ar 15.2 % de limistéar talmhaíochta an Aontais.

[53] Tá sé beartaithe go gcumhdófar 27 % de limistéar talmhaíochta an Aontais le gealltanais as a n-eascraíonn úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí chun rioscaí agus tionchair lotnaidicídí amhail sceitheadh lotnaidicídí a laghdú.

6.1.2 Cad atá á dhéanamh chun truailliú ó earnálacha eile a chomhrac?

Is bagairt é **truailliú** ó earnálacha amhail **lonnaíochtaí uirbeacha, tionscal nó fuinneamh** freisin don chomhshaol uisceach agus do shláinte an duine tríd an gcomhshaol.

Go ginearálta, tá bearta bunúsacha i bhfeidhm chun déileáil le truailliú ó na hearnálacha sin. Áirítear orthu sin córais údaraithe agus ceadaithe chun sceitheadh poncfhoinse fuíolluisce a rialú, cláir sceite fuíolluisce, gach sceitheadh díreach isteach i screamhuisce a thoirmeasc nó a shrianadh, agus/nó bearta tiomnaithe chun truailliú ó shubstaintí tosaíochta agus ó shubstaintí eile a dhíothú nó a laghdú.

I bhformhór na gcásanna, cuireadh bearta sonracha chun feidhme chun déileáil le truailleáin is cúis le teip dea-stádas ceimiceach nó éiceolaíoch dobharlach a bhaint amach. Áirítear ar shamplaí de na bearta sin iarrachtaí chun scaoileadh truailleán áirithe isteach san uisce a laghdú nó a stopadh agus láithreáin éillithe a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar thruailliú stairiúil i ndríodair, screamhuisce agus ithir. Mar sin féin, ní sholáthraíonn gach plean bainistithe abhantraí náisiúnta an leibhéal céanna sonraí ó thaobh substaintí aonair a nascadh go sainráite le bearta sonracha chun truailliú a chomhrac. Tá gá le tuilleadh dul chun cinn maidir leis sin agus maidir le hanailís ar bhearnaí a fhorbairt chun bonn eolais a chur faoi dhearadh na mbeart.

Thuairiscigh na Ballstáit uile **fardail maidir le hastaíochtaí, sceitheadh agus caillteanais** substaintí díobhálacha. Tá difríochtaí móra idir na Ballstáit agus laistigh díobh maidir le cumhdach na substaintí tocsaineacha ábhartha agus a n-iomláine, áfach. Is iad na 10 substaint is mó a bhfuil fardail astaíochtaí curtha ar bun ina leith ná mearcair, beinsi(a)piréin, fluaraintéin, beinsi(g,h,i)peiriléin (HIAnna), nicil, luaidhe, agus caidmiam (miotail throma), agus naoinilfeanól (dromchlaghníomhaithe neamhianacha), aigéad sárfhluarochtánsulfónach (PFOS, cineál PFAS) agus tríbhúitiltin (bithicíd an-tocsaineach).

Thuairiscigh formhór na mBallstát bearta bunúsacha a bhaineann le gléasraí cóireála fuíolluisce a thógáil nó a uasghrádú agus d'aithin siad go bhfuil gá le hiarrachtaí breise chun an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh a chomhlíonadh. Faoi láthair, déantar 82 % d'fhuíolluisce uirbeach an Aontais a bhailiú agus a chóireáil i gcomhréir le caighdeáin an Aontais.

Le cur chun feidhme na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh athbhreithnithe, laghdófar a thuilleadh an truailliú ó fhuíolluisce uirbeach. Áirítear ann rialacha nua maidir le forsceitheadh stoirme agus ritú chun srutha uirbeacha a chuideoidh leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na brúnna sin ar bhealach níos éifeachtaí nár cumhdaíodh le reachtaíocht an Aontais.

Cé nach gcumhdaítear leis an Treoir Réime maidir le hUisce truailliú ó bhruscar, lena n-áirítear plaistigh, is príomhréimse é sin nach mór sineirgí a chruthú leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí ós rud é gur ó aibhneacha a thagann méid an-mhór plaistigh san fharraige. Léirítear sa mheasúnú ar chláir na mbeart faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí go bhfuil go leor beart déanta ag na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na príomhfhoinsí bruscair, ag tosú le gníomhaíochtaí a bhaineann le séarachas ó cheantair uirbeacha agus ó fhoinsí eile ar talamh (e.g. tionscal, talmhaíocht). Mar thoradh air sin, meastar gur tháinig laghdú 29 % ar **bhruscar trá** idir 2015 agus 2021 ar fud imchuacha farraige uile an Aontais. Is dócha freisin go raibh tionchar dearfach ag na bearta sin ar aibhneacha, lochanna agus uiscí cósta.

I bhfianaise an bhrú shuntasaigh a chuireann sil-leagain atmaisféaracha ar shláinte na ndobharlach, is tosaíocht i gcónaí é gníomhaíocht ag an bhfoinse chun astaíochtaí truailleán a laghdú, lena n-áirítear substaintí marthanacha, bithcharnacha agus tocsaineacha uileláithreacha, a eascraíonn as úsáid breoslaí iontaise tríd an gcur chuige comhtháite maidir leis an truailliú sna meáin chomhshaoil éagsúla a mholtar sa Phlean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú chun cuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce a bhaint amach. I ndáil leis sin, na caighdeáin níos déine a glacadh faoin Treoir maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh a athbhreithníodh le déanaí, faoin Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, faoi chur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin maidir le Mearcair, agus faoi iarrachtaí foriomlána dícharbónaithe an Aontais, meastar go mbeidh tionchar dearfach acu ar laghdú astaíochtaí roinnt substaintí aonair a théann isteach i dtimpeallacht an uisce trí astaíochtaí aeir.

6.2 AIBHNEACHA, LOCHANNA, UISCÍ CÓSTA AGUS SCREAMHUISCÍ A ATHBHUNÚ

6.2.1 Athruithe ar ghnéithe fisiceacha agus ar shreabhadh nádúrtha dobharlach – cad é leibhéal idirghabhála an duine sa chóras uisce?

Leis na céadta bliain, tá cruth aibhneacha, lochanna, inbhear agus uiscí cósta an Aontais athraithe go fisiciúil ag gníomhaíochtaí an duine trí dheireadh a chur le gnéithe nádúrtha, trí bhonneagar nithiúil a thabhairt isteach (i.e. dobharlaigh atá modhnaithe go mór) agus trí chanálacha agus taiscumair nua a chruthú (i.e. dobharlaigh shaorga). Mar thoradh air seo go léir tá córais uisce nua ann nach bhfuil nádúrtha.

Léiríonn na pleananna bainistithe abhantraí difríochtaí an-mhór idir na Ballstáit maidir le méid idirghabhála an duine ina dtimpeallachtaí uisceacha nádúrtha. Dá dhéine idirghabháil an duine, is ea is mó a mhodhnaítear na gnéithe dobharlaigh, agus éiríonn cuid acu go hiomlán saorga. Tá méadú beag tagtha ar chion na **ndobharlach atá modhnaithe go mór** agus na **ndobharlach saorga** sin sa timthriall tuairiscithe seo: Ainmníodh 12.4 % díobh mar chinn atá modhnaithe go mór agus 4.4 % mar chinn shaorga[54] sna 20 Ballstát a measadh san anailís i gcomparáid le 11.9 % agus 4.1 % sa timthriall tuairiscithe roimhe sin.

Léirítear i bhFíor 9 thíos an leibhéal an-ard idirghabhála daonna i roinnt Ballstát (an Ísiltír, an Ungáir, an Ghearmáin agus an Bheilg) agus an staid nádúrtha dhea-chaomhnaithe i roinnt Ballstát eile (amhail an Fhionlainn agus an tSualainn).

[54] Tá 3 Bhallstát ann fós, áfach, nach bhfuil an t-ainmniú críochnaithe ina leith go fóill (an Chróit, an tSlóvaic) nó a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh orthu (an tSualainn).

Fíor 9 – Céatadán na ndobharlach dromchla atá ainmnithe mar dhobharlaigh atá modhnaithe go mór nó saorga sa tríú plean bainistithe abhantaí ag an mBallstát



Thuairiscigh 3 Bhallstát (an Ostair, an Chróit, an tSlóvaic) méadú mór ar a sciar de dhobharlaigh atá modhnaithe go mór agus de dhobharlaigh shaorga, ar cosúil go bhfuil sé mar thoradh ar athaicmiú dobharlach áirithe agus, ar bhonn níos lú, athruithe nua. Meastar freisin go méadóidh an tSualainn a sciar féin go mór mar thoradh ar mhodheolaíocht nua.

Is iad seo a leanas na príomhúsáidí uisce a spreag leibhéal ard idirghabhála daonna as ar eascair aicmiú na ndobharlach mar dhobharlaigh atá modhnaithe go mór: (i) cosaint ar thuilte (37 %); (ii) talmhaíocht (draenáil talún 23 %, uisciúchán 15 %); (iii) hidreachumhacht (21 %); (iv) soláthar uisce óil (11 %); agus (v) forbairt uirbeach eile (10 %).

I bhfianaise na ngnéithe athraithe a bhaineann leo, ní cheanglaítear ar dhobharlaigh den sórt sin dea-stádas éiceolaíoch a bhaint amach ach ní cheanglaítear orthu ach dea-acmhainneacht éiceolaíoch a bhaint amach, rud nach mór don Bhallstát a shainiú de réir na gceanglas in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir Réime maidir le hUisce'.

Is ábhar misnigh é a fheiceáil go bhfuil feabhsuithe modheolaíochta déanta chun a chinneadh cad a bheadh sa dea-acmhainneacht éiceolaíoch mar a cheanglaítear leis an Treoir Réime maidir le hUisce. Leanann na Ballstáit de dhea-acmhainneacht éiceolaíoch a shainiú ar bhealach éagsúil, áfach, agus de thoimhdí agus critéir éagsúla a úsáid ina gcuid measúnuithe. Thairis sin, theip ar roinnt Ballstát an dea-acmhainneacht éiceolaíoch a shainiú do gach dobharlach atá modhnaithe go mór, rud a fhágann nach bhfuil cuspóirí soiléire le baint amach.

Bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil in WISE do na 16 Bhallstát[55] a d'éirigh leo tuairisciú go leictreonach faoin am a tugadh an tuarascáil seo chun críche, níor éirigh ach le 16.8 % de dhobharlaigh atá modhnaithe go mór agus de dhobharlaigh shaorga dea-acmhainneacht éiceolaíoch a bhaint amach. Ceileann sé sin mórdhifríochtaí i measc na mBallstát, áfach (tá an cion de dhobharlaigh ábhartha a chomhlíonann dea-acmhainneacht éiceolaíoch ag dul ó cheann ar bith sa Bheilg agus san Ísiltír agus thart ar leath sa Spáinn agus sa Rómáin).

6.2.2 Limistéir faoi chosaint

Tá cúiseanna éagsúla ann go bhfuil dobharlaigh áirithe faoi chosaint an dlí. Maidir le dobharlaigh dhromchla, tá limistéir faoi chosaint ainmnithe faoin Treoir maidir le hUisce Óil, faoin Treoir um Uisce Snámha, faoin Treoir maidir le Gnáthóga, faoin Treoir maidir le hÉin agus faoin Treoir maidir le Níotráití chomh maith le speicis uisceacha atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de (i.e. dobharshaothrú) a chosaint. Sa timthriall tuairiscithe sin, thuairiscigh formhór na mBallstát líon níos airde dobharlach atá bainteach le limistéir faoi chosaint a ainmnítear faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais agus, mar a cheanglaítear leis an Treoir Réime maidir le hUisce, tá **clár** nuashonraithe de **limistéir faoi chosaint** i bhfeidhm acu.

Forbairt an-dearfach is ea gur cosúil, cé is moite de líon beag eisceachtaí, go bhfuil **faireachán níos fearr á dhéanamh ar na réimsí sin** – rud is dócha a bhaineann leis na feabhsuithe ginearálta faireacháin faoin Treoir Réime maidir le hUisce.

D'fhéadfadh sé go mbeadh ar dhobharlaigh a bhaineann le limistéir faoi chosaint cuspóirí bainistithe uisce níos déine nó níos sonraí a bhaint amach, i gcomparáid leis na cuspóirí dea-stádais a leagtar síos leis an Treoir Réime maidir le hUisce. Déantar é sin chun a áirithiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht ábhartha arb é is aidhm di éiceachórais shonracha, speicis shonracha agus uisce óil agus uisce snámha a chosaint. D'fhéadfadh bearta breise a bheith i gceist leis sin.

Mar a cheanglaítear leis na Treoracha Dúlra, tá cuspóirí sonracha leagtha síos ag na Ballstáit den chuid is mó maidir le **gnáthóga agus limistéir faoi chosaint speiceas (láithreáin Natura 2000)**, cé go bhfuil obair fós ar siúl i gcásanna áirithe chun na riachtanais bheachta a chinneadh. I gcásanna áirithe, tá cuspóirí agus bearta breise leagtha síos ag na Ballstáit freisin le haghaidh **limistéir íogaire** faoin Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, **uiscí snámha** agus **criosanna coimirce uisce óil** cé gur minic a thuairiscítear na cuspóirí nó na bearta i dtéarmaí beagán ginearálta[56]. Tá limistéir **faoi chosaint ainmnithe le haghaidh speicis uisceacha atá suntasach ó thaobh an gheilleagair[57] de** ag roinnt Ballstát a bhfuil leas tráchtála acu i dtáirgeadh sliogéisc (nó i gcás éisc fionnuisce i gcásanna nach mbíonn chomh minic céanna). Maidir leis na limistéir sliogéisc, tá na cuspóirí céanna leagtha síos ag roinnt Ballstát (an Chróit, an Ísiltír agus an Rómáin) agus a bhí sna Treoracha maidir le Sliogiasc, a aisghaireadh ó shin[58]. Cuireann Ballstát amháin (an Fhrainc) caighdeáin

[55] De réir mar a bhí ar fáil faoin 31 Bealtaine 2024.

[56] Maidir le gnáthóga agus limistéir faoi chosaint speiceas, thuairiscigh roinnt Ballstát bearta, agus thagair Ballstáit eile go soiléir do phleananna bainistíochta faoi na treoracha ábhartha (Éin agus Gnáthóga). I gcásanna áirithe, i gcás na limistéar faoi chosaint sin, glactar leis gur leor dea-stádas na Treorach Réime maidir le hUisce a bhaint amach chun na cuspóirí breise a chomhlíonadh.

[57] Is iad sin an Chróit, an Fhrainc, an Iodáil, an Ísiltír, an Pholainn, an Rómáin, agus an Spáinn le haghaidh sliogéisc agus an Chróit, an Iodáil agus an Laitvia le haghaidh éisc fionnuisce.

[58] Iar-Threoir 2006/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cáilíocht fionnuiscí ar gá iad a chosaint nó a fheabhsú chun tacú leis an iascra, agus Treoir 2006/113/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir leis an gcáilíocht is gá d'uiscí sliogéisc, ar tháinig deireadh lena

mhicribhitheolaíocha éagsúla i bhfeidhm i gcomparáid leis na treoracha aisghairthe le haghaidh na réimsí sin uile. Cé go gcuireann an Iodáil agus an Spáinn na caighdeáin chéanna i bhfeidhm i réimsí áirithe agus caighdeáin éagsúla i réimsí eile. I gcás na Polainne, níl an fhaisnéis maidir le caighdeáin soiléir.

I gcás inar leagadh síos cuspóirí breise, baineadh amach iad den chuid is mó maidir le criosanna coimirce uisce óil, limistéir ainmnithe sliogéisc agus uiscí snámha, ach níor baineadh amach ach sciar beag de na cuspóirí a leagadh síos do láithreáin Natura 2000.Ar an drochuair, i mbeagnach gach Ballstát, is cosúil nach bhfuil na feabhsuithe a bhfuil coinne leo ar stádas foriomlán na ndobharlach mar thoradh ar ainmniú limistéar faoi chosaint. Os a choinne sin, mar a léirítear i bhFíor 10 thíos, léirítear sna sonraí go bhfuil **méadú tagtha ar líon na ndobharlach atá bainteach le limistéir faoi chosaint a bhfuil drochstádas acu** i gcomparáid leis an timthriall roimhe sin. D'fhéadfaí é sin a nascadh go páirteach leis an laghdú mór ar líon na limistéar nach eol a stádas. Deimhníonn sé freisin, áfach, nach bhfuil ach dul chun cinn teoranta déanta maidir leis na Treoracha Dúlra a chur chun feidhme i gcomparáid leis an tréimhse 2013-2018 a ndearnadh measúnú uirthi i dtuarascáil 2020 ar 'Staid an Dúlra'. Léiríodh sa tuarascáil sin nach raibh dea-stádas caomhantais ach ag 17 % de ghnáthóga abhann, locha, gláracha agus bruachánacha faoi chosaint, agus go raibh drochstádas caomhantais nó drochstádas caomhantais ag formhór mór na speiceas éisc agus amfaibiach faoi chosaint (80 % agus 60 % den daonra, faoi seach).[59] Tugann sé sin le fios nach leor an t-ainmniú 'limistéar faoi chosaint' fós chun an bainistiú uisce is fearr is gá a áirithiú chun uiscí dromchla agus screamhuiscí sna limistéir sin a chosaint.

mbailíocht in 2013. De réir na Treorach Réime maidir le hUisce, ba cheart an leibhéal cosanta ó na Treoracha aisghairthe sin a choinneáil trí na limistéir arna n-ainmniú faoi na treoracha maidir le hIasc agus Sliogiasc a bhí ann roimhe seo a áireamh mar limistéir faoi chosaint faoin Treoir Réime maidir le hUisce.

[59] *State of nature in the EU - Results from reporting under the nature directives 2013-2018* [Staid an dúlra san Aontas Eorpach — Torthaí ó thuairisciú faoi na treoracha dúlra 2013-2018;] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024D0721.

Fíor 10 — Stádas na ndobharlach i limistéir faoi chosaint bunaithe ar shonraí ón dara agus ón tríú plean bainistithe abhantraí (Foinse: Tuairisciú leictreonach ón tríú plean bainistithe abhantraí)



6.2.3 Cad atá á dhéanamh chun brúnna hidreamhoirfeolaíocha a laghdú agus an dúlra a athbhunú?

Tuairiscítear go bhfuil athruithe fisiceacha agus hidreolaíocha ina mbrú mór i mbeagnach gach ceantar abhantraí. I measc na n-earnálacha is cúis leis an mbrú mór sin tá talmhaíocht (uisciúchán agus draenáil araon), hidreachumhacht, cosaint ar thuilte, loingseoireacht agus soláthar uisce óil.

Thuairiscigh na Ballstáit uile bearta arb é is aidhm dóibh tionchair dhiúltacha na **mbrúnna hidreamhoirfeolaíocha** ar an gcomhshaol a laghdú trí chóras sreafa a fheabhsú, leanúnachas abhann a athbhunú agus a áirithiú go n-urramaítear sreabha éiceolaíocha. Áirítear leis sin bealaí éisc a thógáil, seanbhacainní agus bacainní atá imithe i léig a scartáil, aibhneacha a athchóiriú trí limistéir bhruachánacha agus tuilemhánna a fheabhsú agus bruacha abhann a athbhunú ina staid nádúrtha. Mar shampla, bunaithe ar thuarascáil le déanaí ó Dam Removal Europe[60] – comhghuaillíocht d'eagraíochtaí neamhrialtasacha — baineadh 487 mbacainn in 15 thír Eorpacha in 2023, méadú 50 % ón líon ba mhó riamh a bhí ann in 2022. Is cosúil gurb í an Fhrainc an ceannródaí, agus an Spáinn, an tSualainn, an Danmhairg agus an Eastóin ina dhiaidh sin. Is féidir leis na bearta sin cur le 25 000 km d'aibhneacha saorchúrsála, le sprioc 2030 a leagtar síos faoi straitéis bhithéagsúlachta an Aontais agus leis an Dlí um Athbhunú an

[60] New Report: Dam Removal Movement Breaks Barriers and Records - Dam Removal Europe. Chuir aireachtaí, bardais, gníomhaireachtaí uisce, iontaobhais abhann, eagraíochtaí neamhrialtasacha, eolaithe, taighdeoirí agus cleachtóirí athchóirithe abhann sonraí ar fáil.

Dúlra a glacadh le déanaí.[61] Mar sin féin, is dúshlán mór fós é ilroinnt abhann agus díghrádú gnáthóg agus speiceas uisceach an Aontais atá faoi chosaint agus atá ag brath ar uisce, go háirithe bogaigh agus tuilemhánna.

Cé nach mbaineann na bacainní uile in aibhneacha le táirgeadh hidreachumhachta, leanann gléasraí hidreachumhachta de bheith ina mbrú an-mhór ar stádas éiceolaíoch i roinnt Ballstát mar gheall ar chur isteach ar leanúnachas abhann le mórthionchair ar imirce éisc, ar bhásmhaireacht éisc agus ar athruithe ar shreabhadh hidreolaíoch agus ar ghluaiseacht dríodar. Ba cheart tosaíocht a thabhairt go ginearálta d'athchóiriú gléasraí hidreachumhachta atá ann cheana, lena n-áirítear trí réitigh a rachaidh chun tairbhe do chách agus a d'fhéadfadh rannchuidiú le cuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce a bhaint amach, seachas gléasraí hidreachumhachta nua a thógáil. Ba cheart tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh oibríochtaí gléasraí den sórt sin níos inbhuanaithe agus go gcuirfear in oiriúint iad do dhálaí hidreolaíocha athraitheacha atá nasctha le tionchair an athraithe aeráide a bhfuil dlús fúthu. Áirítear leis sin athbhreithniú tréimhsiúil ar cheadanna, lena n-áirítear bearta maolaithe chun tionchair oibriú gléasraí hidreachumhachta a laghdú.

Ní thuairiscíonn ach cúpla Ballstát (an Ostair, an Bheilg, an Fhrainc, an Laitvia, Lucsamburg, an Pholainn, an Rómáin) go dtugann siad tosaíocht shonrach do **réitigh dhúlrabhunaithe** ar bhearta eile.

Tá sé fíor-riachtanach **sreabha íosta éiceolaíocha (ríomhshreabha)**[62] a chinneadh agus a chur chun feidhme chun stádas éiceolaíoch dobharlach dromchla a chosaint. Is cúis mhór imní é, áfach, go bhfuil an obair sin ag dul chun cinn go mall i roinnt mhaith Ballstát. Ina theannta sin, in ainneoin treoraíochta ar leibhéal an Aontais, tá easpa comhsheasmhachta ann maidir leis an gcaoi a sainítear ríomhshreabha. Cé is moite de roinnt eisceachtaí, tá an sainmhíniú ar ríomhshreabha fós á fhorbairt i bhformhór na mBallstát, agus tá a gcur chun feidhme iarbhír ar an láthair ag dul chun cinn go mall agus go minic i gcás roinnt dobharlach amháin. Is cosúil nach bhfuil nasc soiléir idir urramú na ríomhshreabh ach amháin agus ceadanna astarraingthe á ndeonú agus á n-athbhreithniú i gcásanna áirithe.

6.2.4 Cad atá á dhéanamh ag na Ballstáit chun astarraingtí a laghdú agus chun dul i ngleic leis an nganntanas uisce?

Tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir triomaigh (leibhéal níos ísle frasaíochta) agus ganntanas uisce (neamhchothromaíocht níos sistéamaí idir an t-uisce agus an t-éileamh atá ar fáil). Meastar go bhfuil an ganntanas uisce ag dul i méid i bhformhór na mBallstát, agus tuairiscítear go bhfuil astarraingtí iomarcacha freagrach as teip dea-stádas cainníochtúil nó éiceolaíoch a bhaint amach do chuid mhór de dhobharlaigh[63].

---

[61] IO L, 2024/1991, 29.7.2024.

[62] Chun críoch na Treorach Réime maidir le hUisce, is éard is sreabhadh éiceolaíoch ann 'córas hidreolaíoch atá comhsheasmhach le baint amach na gcuspóirí comhshaoil i ndobharlaigh dhromchla nádúrtha mar a luaitear in Airteagal 4(1)'. Is é sin le rá, is é an 'méid uisce atá ag teastáil chun go leanfaidh an t-éiceachóras uisceach de bheith faoi bhláth agus chun na seirbhísí a mbímid ag brath orthu a sholáthar'.

[63] I measc na 13 thír a bhfuil an fhaisnéis ar fáil ina leith a bhuí le ríomhthuairisciú, tuairiscítear go bhfuil astarraingtí uisce freagrach as teip dea-stádas cainníochtúil nó éiceolaíoch a bhaint amach sa Spáinn (25 %), san Ungáir (20 %), san Iodáil (19 %), sa Fhrainc (11 %) agus sa Bheilg (11 %) a mhéid a bhaineann le screamhuisce agus sa Fhrainc (17 %), san Ostair (12 %), sa Spáinn (11 %), san Iodáil (9 %) agus sa Chróit (8 %) i ndáil le

Tá **mórdhifríochtaí in úsáid uisce** ar fud réigiúin éagsúla san Aontas. In 2019[64], ar leibhéal an Aontais, ba é astarraingt le haghaidh fuarú i nginiúint leictreachais an rud ba mhó a chuir le hastarraingt bhliantúil iomlán uisce (32 %), agus ina dhiaidh sin astarraingt don talmhaíocht (28 %), soláthar poiblí uisce (20 %), monaraíocht (13 %) agus fuarú sa mhonaraíocht (5 %), agus ní raibh sa mhianadóireacht, sa chairéalú agus sa tógáil ach 1 % den astarraingt iomlán i ngach ceann acu. Is í an talmhaíocht, áfach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí feirmeoireachta beostoic, an glantomhaltóir is mó [65]le 59 % de thomhaltas uisce an Aontais in 2019[66] ós rud é go dtomhlaítear an chuid is mó den uisce a astarraingítear le haghaidh barr agus ainmhithe feirme nó go ngalaítear é, seachas é a chur ar ais chuig an bhfoinse chéanna as ar baineadh é. Ar na príomhearnálacha eile a ídíonn uisce tá fuarú le haghaidh monaraíochta agus giniúint leictreachais (17 %), teaghlaigh agus seirbhísí (13 %) agus mianadóireacht, cairéalú, tógáil agus monarú (11 %). Léirítear in anailís EEA go raibh laghdú 17.6 % ar astarraingt uisce idir 2000 agus 2019, rud a léiríonn bearta beartais a cuireadh chun feidhme faoin Treoir Réime maidir le hUisce.

Cé gur tháinig laghdú ar astarraingt i roinnt earnálacha, áfach, le haghaidh fuarú i nginiúint leictreachais (-27 %) mar shampla, tháinig méadú uirthi i roinnt earnálacha eile. Mar shampla, tháinig méadú beagnach faoi thrí ar astarraingt uisce le haghaidh fuarú sa mhonaraíocht, agus tháinig méadú 4 % ar astarraingt le haghaidh an tsoláthair phoiblí uisce, le méadú an-ghéar ó 2010 (14 %). Tháinig laghdú 15 % ar astarraingt uisce le haghaidh talmhaíochta le linn na tréimhse céanna 2000-2019, ach tá méadú 8 % tagtha uirthi ó 2010 i leith, go príomha mar gheall ar an éileamh méadaitheach ar uisciúchán i ndeisceart na hEorpa, áit a bhfuil ganntanas uisce níos measa mar gheall ar an athrú aeráide. Dá bhrí sin, tá géarghá le hathruithe ar chleachtais a ghlacadh, lena n-áirítear glacadh i bhfad níos fearr le hathúsáid uisce i gcomhréir le Rialachán 2020 maidir le hAthúsáid Uisce, agus aistriú chuig barra atá níos oiriúnaithe do na dálaí hidreolaíocha a bhaineann go sonrach leis an réigiún, chomh maith le bainistiú ithreach feabhsaithe. Gan na hathruithe sin, tiocfaidh méadú mór freisin ar an éileamh ar uisce le haghaidh uisciúchán talmhaíochta i réigiúin ina bhfuil uisciúchán teoranta go dtí seo: ní dhéanfaidh sé sin ach an ganntanas uisce a dhéanamh níos measa.

Tá CBT 2023-2027 ag tacú le hiarrachtaí chun athléimneacht uisce sa talmhaíocht a mhéadú. Neartaíodh an choinníollacht chun caighdeán nua[67] inter alia lena gcumhdaítear rialuithe ar astarraingt a chur san áireamh. Inter alia, cuireann Pleananna Straitéiseacha CBT na mBallstát tacaíocht mhór ar fáil do chleachtais chun sláinte ithreach a fheabhsú, ag a bhfuil éifeachtaí dearfacha ar acmhainneacht stórála uisce agus é mar sprioc 47 % de limistéar talmhaíochta an Aontais a chumhdach le tacaíocht den sórt sin. Is féidir tacú freisin le hinfheistíochtaí chun éifeachtúlacht suiteálacha uisciúcháin, úsáid uisce athchúrsáilte le haghaidh uisciúcháin agus bailiú uisce báistí a fheabhsú. Sna réigiúin is mó atá thíos le ganntanas uisce, áfach, ní mór foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht d'athruithe claochlaitheacha níos sistéamaí i dtreo córais táirgthe nach bhfuil chomh dian céanna ar uisce.

---

huiscí dromchla. Cé nár thíolaic siad a dtuarascálacha, is eol gur mór-shaincheist é sin freisin sa Chipir, sa Ghréig agus i Málta.

[64] Anailís EEA ar astarraingtí uisce idir 2000 agus 2019, https://www.eea.europa.eu/en/analysis/táscairí/uisce-astarraingt-de-foinse-agus.

[65] De réir Thuarascáil EEA 12/2021 '*Water resources across Europe — confronting water stress:[Acmhainní uisce ar fud na hEorpa - ag tabhairt aghaidh ar strus maidir le huisce:']*

[66] Tuarascáil EEA 7/2024, *Europe's state of water 2024 [Staid an uisce san Eoraip 2024.]*

[67] Ceanglas reachtúil bainistíochta 1 (CRB1) maidir le rialuithe ar astarraingt agus gaibhniú agus rialuithe ar thruailliú idirleata ó fhosfáití (Airteagail 11(3)(e) agus (h) den Treoir Réime maidir le hUisce).

Fíor 11 — Astarraingt uisce de réir earnáil eacnamaíoch i 27 mBallstát an Aontais, 2000-2019 (LEE, 2022)



Tríd is tríd, leagadh amach bearta bunúsacha agus forlíontacha chun **an astarraingt** a laghdú, ach níl cur chun feidhme na mbeart sin comhsheasmhach ar fud na hEorpa. Díríonn na bearta sin ar astarraingtí a rialú, ar éifeachtúlacht agus athúsáid uisce, ar choinneáil nádúrtha uisce, ar ríomhshreabha, ar thaighde agus ar fhorbairt eolais. Rinneadh roinnt iarrachtaí ar fiú aird a thabhairt orthu chun tomhaltas uisce a laghdú, amhail Plean Uisce nua na Fraince a bhfuil sé mar sprioc aige astarraingtí a laghdú 10 % faoi 2030.

Mar a thuairiscigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) in 2021[68], tá dul chun cinn déanta ag na Ballstáit maidir le **córais réamhúdaraithe a bhunú le haghaidh astarraingt uisce**, córais chun úsáid neamhdhleathach uisce a bhrath agus, i gcásanna áirithe, sásraí praghsála a d'fhéadfadh éifeachtúlacht uisce a dhreasú. Is fadhb é go ndíolmhaíonn an chuid is mó díobh astarraingtí beaga ó chigireachtaí nó ó chlárú, áfach. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh tionchar carnach a bheith ag go leor astarraingtí beaga leanúnacha thar abhantrach iomlán, rud a dhéanann difear diúltach do stádas na ndobharlach, go háirithe sna Ballstáit a bhfuil fadhbanna ganntanais uisce acu cheana féin. Agus í ag tabhairt dá haire go bhfuil sásraí praghsála uisce tugtha isteach ag roinnt Ballstát lena ndreasaítear úsáid éifeachtúil uisce uisciúcháin, shainaithin CIE freisin go bhfuil fadhb ag baint leis an gcleachtas go mbeadh praghsanna uisce i bhfad níos ísle sa talmhaíocht ná in áiteanna eile sa gheilleagar, lena n-áirítear maoluithe le haghaidh uisciúcháin.

[68] Tuarascáil speisialta 20/2021: Úsáid inbhuanaithe uisce i dtalmhaíocht an Aontais.

Tá an mhinicíocht a dhéanann na Ballstáit **athbhreithniú ar cheadanna astarraingthe**, mar a cheanglaítear leis an Treoir Réime maidir le hUisce[69], an-difriúil, ó 6 bliana go blianta fada nó fiú tréimhsí éiginnte. Fágann an staid sin go mbíonn sé dodhéanta uaireanta an staid mar atá i ndobharlaigh a chur san áireamh i gceart, lena n-áirítear ó thaobh an athraithe aeráide de. Tá baint ag an gCoimisiún faoi láthair leis an oibleagáid athbhreithniú a dhéanamh ar cheadanna den sórt sin a fhorfheidhmiú chun a áirithiú go gcuirfidh gach Ballstát chun feidhme i gceart í[70].

Ní luaitear eisiúint **astarraingt uisce neamhúdaraithe/neamhdhleathach** (i.e. astarraingt gan chead nó coinníollacha ceada a shárú) ach go sainráite i roinnt pleananna bainistithe abhantraí ó 4 Bhallstát. Tá an fhadhb aitheanta in áiteanna eile san Eoraip freisin, áfach. Fiú i gcás ina luaitear iad, is iondúil nach ndéantar cainníochtú leis na tagairtí sin ar an tsaincheist ná ar na treochtaí atá ann faoi láthair i gcomparáid leis an dara plean bainistithe abhantraí. I roinnt de na tíortha sin, tá iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh chun toibreacha neamhdhleathacha a dhúnadh chun leithreasú neamhdhleathach den sórt sin ar an acmhainn choiteann sin a chosc.

Mar a tharla roimhe seo, tá roinnt Ballstát ag dul i ngleic leis an nganntanas uisce trína mbearta a dhíriú ar an soláthar a mhéadú. Áirítear ar na bearta sin **toibreacha nua** a dhruileáil, **dambaí agus taiscumair nua a thógáil, bonneagar uisciúcháin don talmhaíocht a leathnú** agus **bonneagar aistrithe uisce ar mhórscála** agus **gléasraí díshalannaithe a** thógáil. Cuirtear faisnéis an-teoranta ar fáil sna pleananna bainistithe abhantraí maidir le bearta den sórt sin, áfach, lena n-áirítear maidir lena n-inmharthanacht chomhshaoil agus eacnamaíoch agus maidir le breithniú a dhéanamh ar chásanna aeráide fadtéarmacha.

6.3 DUL I NGLEIC LEIS AN NGÉARCHÉIM AERÁIDE

Mar a leagtar amach sa Measúnú Eorpach ar Rioscaí Aeráide[71] agus mar a d'aithin an Coimisiún ina Theachtaireacht maidir le rioscaí aeráide a bhainistiú[72], ní mór don Aontas agus dá Bhallstáit a bheith i bhfad níos fearr maidir le hullmhú do rioscaí aeráide agus aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach[73]. Tá an fhianaise go bhfuil tionchar substaintiúil ag an athrú aeráide cheana féin ar tharlú rioscaí a bhaineann le huisce agus ar dhéine na rioscaí sin,

[69] Ceanglaítear le hAirteagal 11(3)(e) den Treoir Réime maidir le hUisce ar na Ballstáit athbhreithnithe éigeantacha rialta a dhéanamh.

[70] Tá litreacha fógra fhoirmiúil faoin ábhar seo seolta chuig an Ostair, chuig an bhFionlainn, chuig an Ísiltír agus chuig an tSlóivéin,; i gcás na hÉireann, déileáiltear leis an tsaincheist i gcomhthéacs an nós imeachta seanbhunaithe um shárú toisc nach ndearnadh roinnt forálacha den Treoir Réime maidir le hUisce a thrasuí i gceart, Airteagal 11 san áireamh.

[71] EEA (2024), *European climate risk assessment* [An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (2024), Measúnú Eorpach ar Rioscaí Aeráide]. Uimh. 1/2024, https://www.eea.europa.eu/publications/european-climate-risk-assessment. Is í an Eoraip an mhór-roinn is tapúla atá ag téamh ar domhan. Tá teas foircneach ag éirí níos minice agus patrúin frasaíochta ag athrú. Tá dílí báistí agus frasaíocht fhoircneach eile ag dul i ndéine, agus le blianta beaga anuas tá tuilte tubaisteacha tagtha chun cinn i réigiúin éagsúla. Ag an am céanna, is féidir laghduithe móra ar bháisteach fhoriomlán agus triomaigh níos déine a bheith i ndán do dheisceart na hEorpa.

[72] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún — Rioscaí aeráide a bhainistiú — daoine agus rathúnas a chosaint, COM(2024) 91 final, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52024DC0091

[73] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún — Rioscaí aeráide a bhainistiú — daoine agus rathúnas a chosaint (COM(2024) 91 final), https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52024DC0091.

amhail triomaigh agus tuilte, i gcuid mhór den Eoraip ag dul i méid[74]. Dá bhrí sin, is réamhriachtanas é borradh a chur faoin athléimneacht uisce[75] tríd an Treoir Réime maidir le hUisce agus an Treoir maidir le Tuilte a chur chun feidhme go héifeachtach chun cuspóirí maidir le hathléimneacht aeráide dhlí aeráide an Aontais[76] agus straitéis oiriúnaithe an Aontais a bhaint amach[77]. Ag an am céanna, ní féidir cuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce agus na Treorach maidir le Tuilte a bhaint amach ach amháin trí thionchair an athraithe aeráide a chur san áireamh go hiomlán.

6.3.1 Ar tugadh aird chuí ar athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus ar bhainistiú riosca triomaigh?

Cé nach luaitear go sainráite sa Treoir Réime maidir le hUisce an oibleagáid na pleananna bainistithe abhantraí a chur in oiriúint don athrú aeráide, tá cur chuige céim ar chéim agus timthriallach phróiseas pleanála na Treorach Réime maidir le hUisce oiriúnach go maith chun tionchair an athraithe aeráide a bhainistiú ar bhealach oiriúnaitheach.

Thuairiscigh líon méadaitheach Ballstát go ndearnadh breithniú sistéamach ar thionchair an **athraithe aeráide** agus go ndearnadh iarracht a gclár beart a ailíniú lena **bplean náisiúnta um oiriúnú don athrú aeráide**. Thuairiscigh 70 % de na Ballstáit a ndearnadh measúnú orthu (14 as 20) go bhfuil anailís curtha i gcrích acu ar an tionchar atá ag an athrú aeráide ar a ndobharlaigh. Is minic nach léir ar chuidigh toradh na hanailíse sin leis na príomhbhrúnna a shainaithint agus na bearta is éifeachtaí a chinneadh agus a mhéid a chuidigh sé leo.

Sa tríú plean bainistithe abhantraí, bhí éifeachtaí an athraithe aeráide nasctha den chuid is mó le triomaigh agus infhaighteacht uisce níos ísle, fiú má bhí tuilte fós ina n-ábhar mór imní. Leag formhór na mBallstát na tionchair aeráide sin amach bunaithe ar a n-éifeachtaí ar thalmhaíocht (rioscaí uisciúcháin), loingseoireacht intíre agus giniúint fuinnimh (hidreachumhacht, roinnt cumhachta teirmí). Is difríocht mhór é seo ón dara plean bainistithe abhantraí, áit ar measadh go raibh barraíocht uisce (i.e. tuilte) mar an príomhthionchar ar an aeráid. Tá sé sin comhleanúnach freisin leis an imní mhéadaithe faoi ghanntanas uisce ar fud fhormhór na mBallstát a leagtar amach i roinn 6.2.4 thuas. Rud atá tábhachtach, cé nach gceanglaítear é go dlíthiúil faoin Treoir Réime maidir le hUisce, thuairiscigh 16 de na 20 Ballstát a ndearnadh measúnú orthu go raibh triomach mór ann; thuairiscigh líon méadaitheach Ballstát go raibh pleananna bainistithe triomaigh forbartha nó á bhforbairt acu ar leibhéil náisiúnta, réigiúnacha nó ceantair abhantraí.

---

[74] Tá méadú níos mó ná dhá oiread an mheáin dhomhanda tagtha ar theochtaí san Eoraip le 30 bliain anuas — an ceann is airde d'aon mhór-roinn ar domhan, tuarascáil mhí na Samhna 2022, an Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta, https://wmo.int/publication-series/state-of-climate-europe-2022 agus *Climate Change 2022: Impacts, Adaptation and Vulnerability*, [Athrú Aeráide 2022: Tionchair, Oiriúnú agus Leochaileacht https://www.ipcc.ch/report/ar6/wg2/downloads/report/IPCC_AR6_WGII_FullReport.pdf.

[75] Leagadh béim ar an ngá atá leis an athléimneacht i gcoinne an athraithe aeráide a neartú i Straitéis 2021 an Aontais Eorpaigh um an Oiriúnú don Athrú Aeráide agus i nDlí Aeráide Eorpach 2021.

[76] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach').

[77] COM(2021) 82 final - Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún '*Forging a climate-resilient Europe — the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change*' [Eoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú — straitéis nua an Aontais Eorpaigh um an Oiriúnú don Athrú Aeráide].

Tá méadú ag teacht freisin ar an tionchar atá ag an athrú aeráide ar cháilíocht an uisce i roinnt Ballstát. Tá méadú ag teacht ar líon na mBallstát a d'agair **díolúine Airteagal 4(6) maidir le teip shealadach dea-stádas éiceolaíoch a bhaint amach mar gheall ar thriomaigh fhada.**

D'fhorbair roinnt Ballstát straitéisí náisiúnta uisce le déanaí (e.g. an Fhrainc agus an Ghearmáin) mar fhreagairt ar an méadú atá tagtha ar líon na dtriomach. Tá siad sin comhlántach leis na pleananna bainistithe abhantraí ach níor breithníodh iad i dtuarascálacha na mBallstát. Is féidir a áireamh ar na straitéisí náisiúnta sin mórbhearta breise ba cheart a chur chun feidhme leis na pleananna bainistithe abhantraí ar bhealach comhtháite.

A mhéid a bhaineann le tionchair an athraithe aeráide ar bhainistiú riosca tuilte, is ábhar misnigh iad na torthaí ón measúnú ar an dara plean bainistithe riosca tuilte agus an dá chéim[78] roimh na pleananna bainistithe riosca tuilte. Bhreithnigh gach Ballstát (i gcomparáid le díreach leath díobh sna chéad réamh-mheasúnuithe riosca tuilte) an t-athrú aeráide ina dara réamh-mheasúnuithe riosca tuilte agus bhreithnigh beagnach gach Ballstát é ina dara léarscáileanna guaise agus riosca tuilte (i gcomparáid le díreach leath díobh roimhe seo freisin), cé nach n-éilítear é sin go sainráite le haghaidh léarscáileanna sa Treoir maidir le Tuilte. Sna dara plean bainistithe riosca tuilte, chuir gach ceann de na 21 Bhallstát a ndearnadh measúnú orthu fianaise ar fáil gur cuireadh tionchair an athraithe aeráide san áireamh (i gcomparáid le níos mó ná aon trian roimhe seo). Phléigh beagnach gach Ballstát, i gcomparáid le leath díobh sa chéad timthriall, cásanna aeráide a bheidh ann amach anseo ina gcuid pleananna bainistithe riosca tuilte le tréimhsí ama éagsúla (idir 2030 agus 2115). Rinne beagnach gach Ballstát an nasc lena straitéisí oiriúnaithe náisiúnta (i gcomparáid le níos lú ná leath do na chéad phleananna bainistithe riosca tuilte).

6.3.2 Dul chun cinn i dtreo athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide faoin Treoir maidir le Tuilte

Is iad tuilte an riosca is coitianta i Measúnuithe Riosca Náisiúnta na mBallstát[79]. Mar a léirítear sa Mheasúnú Eorpach ar Rioscaí Aeráide, tá níos mó guaiseacha aeráide agus guaiseacha aeráide atá ag éirí níos láidre le sárú ag an Eoraip, lena n-áirítear frasaíocht throm as a n-eascraíonn tuilte báistiúla agus abhann, agus ardú ar leibhéal na farraige as a n-eascraíonn tuilte cósta.

Tá dul chun cinn maith déanta maidir le bainistiú riosca i gcás tuilte ar fud an Aontais ó tugadh isteach Treoir 2007 maidir le Tuilte. Is iad pleananna bainistithe riosca tuilte an phríomhuirlis chun iarmhairtí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag tuilte a mhaolú agus is iad an tríú cuid iad den chur chuige timthriallach trí chéim a tugadh isteach leis an Treoir maidir le Tuilte. Leis na pleananna bainistithe riosca tuilte atá ann faoi láthair, arb iad an dara tacar iad, cumhdaítear 2022-2027 díreach cosúil leis an tríú plean bainistithe abhantraí. Rinne na Ballstáit an dá chéim roimh na pleananna bainistithe riosca tuilte níos luaithe, is iad sin, an

[78] Na réamh-mheasúnuithe riosca tuilte agus na léarscáileanna guaise agus riosca tuilte.

[79] COM(2024) 130 final - Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar dhul chun cinn maidir le hairteagal 6 de Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE) a chur chun feidhme riosca tubaistí san Eoraip a Chosc agus a bhainistiú.

dara réamh-mheasúnú riosca tuilte[80] agus an dara léarscáil guaise agus riosca tuilte. Rinne an Coimisiún measúnú ar an dá cheann acu.[81]

Ó thaobh iomláine de, chuir gach ceann de na 21 Bhallstát a thuairiscigh in am a bhí le cur san áireamh sa mheasúnú seo faisnéis chomhthéacsúil ar fáil ina gcuid pleananna bainistithe riosca tuilte maidir lena gcuid réamh-mheasúnuithe riosca tuilte agus léarscáileanna guaise agus riosca tuilte

I gcomparáid leis an timthriall roimhe seo, tá feabhas tagtha ar bhainistiú riosca tuilte sna Ballstáit a ndearnadh measúnú orthu. Tá cuspóirí bainistíochta riosca tuilte leagtha síos ag gach Ballstát. Shocraigh cuid acu roinnt cuspóirí leathana ar thacaigh fochuspóirí níos sonraí leo, agus chuir cuid eile acu roinnt cuspóirí níos mionsonraithe i láthair, i gcomparáid leis an am a chuaigh thart. Áiríodh leo go léir bearta chun a gcuspóirí a bhaint amach.

Tá spriocanna leagtha síos ag roinnt Ballstát lenar féidir measúnú cainníochtúil a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcomparáid leis an timthriall roimhe sin. Déanann roinnt Ballstát nasc soiléir idir na bearta sna pleananna agus na cuspóirí a bhfuil sé beartaithe iad a bhaint amach leis na bearta sin, áfach. Agus comparáid á déanamh idir na Ballstáit chéanna, tá an nasc soiléir sin ag 14 Bhallstát ina bpleananna i gcomparáid le 7 gcinn sna pleananna roimhe sin.

Áirítear sna pleananna dul chun cinn maidir leis na bearta a chur i bhfeidhm seachas an dul chun cinn i dtreo spriocanna atá leagtha síos ag na cuspóirí chun rioscaí tuilte a laghdú. Dá bhrí sin, is deacair a dhéanamh amach cé chomh héifeachtach agus a bhí an bainistiú riosca tuilte ar fud an Aontais.

Tá éagsúlacht mhór idir líon na mbeart sna pleananna bainistithe riosca tuilte ar fud na mBallstát, idir faoi bhun 100 agus os cionn 10 000 beart. Braitheann an éagsúlacht sin ar mhéid na tíre, ar an méid limistéar a d'fhéadfadh a bheith faoi mhór-riosca tuilte agus ar rogha na mbeart aonair nó na mbeart grúpáilte.

[80] Tá thart ar 14 000 limistéar a bhféadfadh mór-riosca tuilte a bheith ag baint leo san Aontas, chun forléargas a fháil féach an breathnóir limistéar riosca tuilte atá ar fáil ag https://discomap.eea.europa.eu/floodsviewer/.

[81] Le haghaidh mheasúnuithe an Choimisiúin ar an dara réamh-mheasúnú riosca tuilte de chuid na mBallstát, féach na doiciméid a foilsíodh faoin Séú Tuarascáil Cur Chun Feidhme. Le haghaidh mheasúnuithe an Choimisiúin ar an dara léarscáil guaise agus riosca tuilte agus ar an dara plean bainistithe riosca tuilte de chuid na mBallstát, féach na doiciméid faoin Seachtú Tuarascáil Cur Chun Feidhme reatha, https://environment.ec.europa.eu/topics/water/water-framework-directive/implementation-reports_en.

Fíor 12 — Sciar an bhirt de réir cineáil (cosc, cosaint, ullmhacht, téarnamh)



Tá dhá bhraisle leathana Ballstát ann: is éard atá i gceann amháin acu na Ballstáit a thugann tús áite do bhearta coisc agus/nó ullmhachta, agus tugann an bhraisle eile de Bhallstáit tús áite don chosaint. Cé gurb iad na bearta cosanta fós na bearta is minice a thuairiscítear sa dara plean bainistithe riosca tuilte, is sciar beagán níos mó d'iomlán an Aontais iad bearta coisctheacha agus ullmhachta anois. Maidir le bearta neamhstruchtúracha[82], tagraíonn gach plean bainistithe riosca tuilte a ndearnadh measúnú air don phleanáil spásúlachta. Ní raibh tagairtí do chreataí dlíthiúla nó beartais a nascann pleanáil spásúlachta agus bainistiú riosca tuilte ach in 8 gcinn de na 21 Bhallstát a ndearnadh measúnú orthu, áfach. Is ábhar misnigh é gur chuir na Ballstáit uile réitigh dhúlrabhunaithe san áireamh ina gcuid pleananna bainistithe riosca tuilte uile nó i gcuid díobh; níl aon fhianaise ann go fóill, áfach, go bhfuil athrú mór tagtha ar an láthair ó thaobh glacadh ar mhórscála le réitigh dhúlrabhunaithe in ionad an bhonneagair thraidisiúnta nó in éineacht leis. Cé nach luaitear árachas sa Treoir maidir le Tuilte, déanann 12 cheann de na 21 Bhallstát tagairt di ar a laghad. Deimhnítear leis sin an ról luachmhar a d'fhéadfadh a bheith ag árachas mar shásra aistrithe riosca maidir le hoiriúnú don athrú aeráide a chur chun cinn.

Treocht dhearfach is ea an chaoi a dtugann na Ballstáit tús áite do bhearta bainistithe riosca tuilte. Thug na Ballstáit uile tús áite do bhearta nó chuir siad tráthchlár ar fáil dá gcur chun feidhme (ní dhearna siad uile amhlaidh ina gcéad phleananna bainistithe riosca tuilte). Mar shampla, léirítear san anailís gur aicmíodh formhór na mbeart sna trí chatagóir tosaíochta is airde (ard, an-ard agus criticiúil), i.e. tagann 50 % nó níos mó de na bearta in 13 Bhallstát (as na 21 Bhallstát a ndearnadh anailís orthu) faoi cheann de na catagóirí sin. Os a choinne sin, thuairiscigh i bhfad níos lú Ballstát sciartha móra beart sa dá chatagóir tosaíochta is ísle (measartha agus íseal). San aistriú ón gcéad phlean go dtí an dara plean bainistithe riosca tuilte, tá athrú beag anuas tagtha ar phráinn na mbeart ar fud na mBallstát, ó thosaíocht chriticiúil go han-ardtosaíocht agus ó an-ardtosaíocht go hardtosaíocht. Tháinig roinnt athruithe aníos ar bhonn práinne freisin, ó thosaíocht íseal agus mheasartha go hardtosaíocht den chuid is mó. Tá roinnt anailíse costais is tairbhe déanta ag 15 de na 21 Bhallstát ar a mbearta cé gur beag Ballstát a d'úsáid iad chun tosaíocht a thabhairt dóibh. Ós rud é gurb ionann, a bheag nó a mhór, an cóimheas idir na Ballstáit a úsáideann anailís costais is tairbhe agus an cóimheas a bhí ann sa timthriall roimhe sin, baineann an dul chun cinn go príomha leis na modheolaíochtaí feabhsaithe a cuireadh i bhfeidhm i roinnt Ballstát.

[82] Bearta nach mbaineann le struchtúir innealtóireachta sibhialta, amhail feasacht a mhúscailt, córais luathrabhaidh a áirithiú, pleananna maidir le tubaistí a chosc agus freagairt orthu agus pleanáil spásúlachta.

Is gnéithe riachtanacha de bhainistíocht riosca tuilte iad córais réamhaisnéise agus luathrabhaidh iontaofa chun bearta cosanta sibhialta a ghníomhachtú go pras, mar aon le cumas láidir freagartha le linn imeachtaí den sórt sin agus ina ndiaidh. Tá an Coimisiún ag tacú leis na Ballstáit trí ghníomhaíocht sa réimse seo ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear trí Chóras Eorpach maidir le Feasacht Tuile de chuid Copernicus a thacaíonn le bearta ullmhúcháin sula dtarlaíonn mórtheagmhais tuilte agus lena linn[83]. Cuireann seirbhís mhearléarscálaithe Copernicus faisnéis gheospásúil ar fáil ar éileamh agus go tapa (laistigh d'uaireanta nó laethanta), rud a thacaíonn le gníomhaíochtaí bainistithe éigeandála roimh thubaiste, lena linn agus díreach ina diaidh. A luaithe a tharlaíonn tubaistí, is féidir leis na Ballstáit iarraidh ar Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, a neartaigh go mór an comhar idir tíortha maidir le cosaint shibhialta agus a d'fheabhsaigh cosc, ullmhacht agus freagairt maidir le tubaistí[84], mar shampla, trí spriocanna athléimneachta ó thubaistí a fhorbairt[85]. Tá an Coimisiún ag spreagadh seirbhísí bainistithe éigeandála Copernicus a ghlacadh, agus ag cur comhroinnt na gceachtanna a foghlaimíodh agus na ndea-chleachtas chun cinn i measc na mBallstát, go háirithe tar éis mórtheagmhais tuilte.

7. FÓNTACHT SHOCHEACNAMAÍOCH A ÁIRITHIÚ

I bhfianaise an dul chun cinn theoranta maidir le dea-stádas a bhaint amach, cumhdaítear formhór mór na ndobharlach le **díolúintí** éagsúla a leagtar amach in Airteagal 4 den Treoir Réime maidir le hUisce[86]. Ní mór a lua go bhfuil méadú tagtha ar líon na ndíolúintí a bhaineann le hAirteagail 4(4) agus 4(5) den Treoir Réime maidir le hUisce. Tríd is tríd, tá feabhas tagtha ar na húdair atá leis na díolúintí sin ó thaobh ceanglais na Treorach Réime maidir le hUisce a chomhlíonadh chun go mbeidh siad bunaithe ar chritéir iomchuí, shoiléire agus thrédhearcacha. Ní sholáthraíonn na Ballstáit uile faisnéis atá mionsonraithe go leor ar leibhéal an dobharlaigh a ndéantar difear dó, áfach, agus ní sholáthraíonn ach thart ar leath de na Ballstáit a ndearnadh measúnú orthu sonraí leordhóthanacha sna pleananna bainistithe abhantraí uile.

---

[83] Is é an Córas Eorpach maidir le Feasacht Tuile an chéad chóras Eorpach oibríochtúil lena ndéantar faireachán agus réamhaisnéis ar thuilte ar fud na hEorpa. Tacaíonn sé le bearta ullmhúcháin sula dtarlaíonn mórtheagmhas tuilte agus lena linn. Cuireann sé faisnéis chomhlántach bhreisluacha ar fáil do na húdaráis ábhartha náisiúnta agus réigiúnacha. Chomh maith leis sin, coinníonn an Córas Eorpach maidir le Feasacht Tuile an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha ar an eolas faoi thuilte atá ag tarlú faoi láthair agus faoi thuilte a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo ar fud na hEorpa. Le déanaí thug EFAS v5.0 roinnt athruithe móra isteach sa chóras, lena n-áirítear taifeach spásúil níos airde.

[84] Tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme Airteagal 6 (Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta) Riosca tubaiste a chosc agus a bhainistiú san Eoraip 12.3.2024 COM(2024)130 & SWD(2024)130.

[85] https://civil-protection-humanitarian-aid.ec.europa.eu/document/download/7b124199-d4d7-43fe-b852-8cee69674d19_en

[86] Le hAirteagal 4(4), ceadaítear síneadh a chur leis an sprioc-am chun dea-stádas nó dea-acmhainneacht a bhaint amach tar éis 2015 (mar a leagtar síos in Airteagal 4(1)). Ceadaítear le hAirteagal 4(5) cuspóirí nach bhfuil chomh dian céanna a bhaint amach. Le hAirteagal 4(6), ceadaítear meathlú sealadach ar stádas na ndobharlach. Leagtar amach in Airteagal 4(7) coinníollacha ina bhféadfar meathlú stádais nó teip cuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce a bhaint amach a cheadú le haghaidh modhnuithe nua ar shaintréithe fisiceacha dobharlach dromchla, athruithe ar leibhéal an screamhuisce agus meathlú ó stádas ard go dea-stádas mar thoradh ar ghníomhaíochtaí forbartha inbhuanaithe nua don duine.

I gcomhréir le hAirteagail 9 agus 11 den Treoir Réime maidir le hUisce agus le hIarscríbhinn III a ghabhann léi[87], tá nuashonrú agus tuairisciú na **hanailíse eacnamaíche ar uisce** agus úsáid ghaolmhar na n-ionstraimí **gnóthaithe costas,** lena n-áirítear praghsáil uisce, ina gcleachtas níos seanbhunaithe anois sna pleananna bainistithe abhantraí. Mar sin féin, is minic nach ndéantar naisc shoiléire sa tuairisciú leis na príomhdhúshláin agus na príomhfhorbairtí sa cheantar abhantraí. Dá bhrí sin, ní léir conas a chuir an anailís eacnamaíoch bonn eolais faoi na roghanna maidir le haisghabháil costas, praghsáil agus, ar bhonn níos ginearálta, dearadh na gclár beart. Mar shampla, ní thugtar mórán mionsonraí sa tuairisciú ar sheirbhísí uisce. Is iondúil go dtuairiscíonn go leor de na pleananna bainistithe abhantraí ar an dá sheirbhís uisce atá sainithe go forleathan, is iad sin, soláthar uisce óil agus seirbhísí sláintíochta; dá bhrí sin, ní gnách leo na seirbhísí uisce aonair a thagann faoi na catagóirí sin nó a bhfuil baint dhíreach acu leo, amhail stóráil agus athúsáid uisce, a aithint agus a phlé. Fágann sé sin go bhfuil sé deacair tuiscint iomlán leordhóthanach a fháil ar úsáidí uisce sa tír, lena n-áirítear an tábhacht eacnamaíoch a bhaineann leo agus an acmhainneacht atá acu costais a aisghabháil, agus na brúnna a chuireann siad ar dhobharlaigh.

Ina theannta sin, i gcomparáid leis na heilimintí a cheanglaítear faoi Airteagal 9 den Treoir Réime maidir le hUisce, tá roinnt bearnaí móra cur chun feidhme fós ann, go háirithe iad siúd a liostaítear thíos.

- An measúnú ar cé acu a sholáthraíonn nó nach soláthraíonn na beartais phraghsála atá ann cheana 'dreasachtaí leordhóthanacha' le haghaidh úsáid uisce níos éifeachtúla.
- Measúnú a dhéanamh ar chostais chomhshaoil agus acmhainní agus iad a áireamh sna socruithe gnóthaithe costas.
- An measúnú ar cé acu a sholáthraíonn nó nach soláthraíonn úsáidí uisce agus na príomhearnálacha úsáide uisce (lena n-áirítear talmhaíocht, tionscal agus teaghlaigh) 'rannchuidiú leordhóthanach' leis na costais a bhaineann le seirbhísí uisce a sholáthar i gcomhréir leis an bprionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir'. Is minic nach mbíonn na sonraí a thuairiscítear mionsonraithe maidir leis na costais chomhshaoil agus acmhainní agus maidir leis na húsáidí uisce a chuireann na brúnna costais is mó ar na príomhsheirbhísí uisce (i.e. soláthar uisce agus sláintíocht).

Tá gá le tuilleadh infheistíochtaí chun cuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce a bhaint amach agus chun sochaithe an Aontais a dhéanamh níos athléimní ó thaobh uisce de. I gcás na mBallstát a chuir tuarascálacha isteach go leictreonach, tá roinnt faisnéise maidir le riachtanais chistiúcháin na Treorach Réime maidir le hUisce ar fáil agus léiríonn sé gur minic a bhíonn gá le méadú ar chistiúchán chun a mbearta a chur chun feidhme. D'áireofaí leis sin ranníocaíocht airgeadais bhreise ón Aontas. Tá an fhaisnéis neamhiomlán, contrártha nó in easnamh fiú i gcás roinnt de na tuarascálacha leictreonacha (i.e. an Eastóin, an Laitvia agus an Ísiltír). I gcás na 10 mBallstát a bhfuil faisnéis ar fáil ina leith, déantar na riachtanais chistiúcháin charnacha idir 2022 agus 2027 a ríomh mar EUR 89.4 billiún (thart ar EUR 15 bhilliún in aghaidh na bliana) ach, i bhfianaise teorainneacha sonraí, is dócha gur gannmheastachán é sin.

[87] Sonraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Réime maidir le hUisce gur cheart dóthain faisnéise a bheith san anailís eacnamaíoch atá mionsonraithe go leor chun tuairisc a thabhairt ar na socruithe gnóthaithe costas le haghaidh seirbhísí uisce agus oibleagáidí gaolmhara agus chun údar a thabhairt leo (Airteagal 9). Ba cheart an anailís a bheith in ann cuidiú le breithniú a dhéanamh ar an meascán is costéifeachtaí de bhearta i ndáil le húsáidí uisce atá le cur san áireamh sa chlár beart (Airteagal 11).

Maidir leis na riachtanais chistiúcháin chun pleananna bainistithe riosca tuilte a chur chun feidhme, chuir 16 Bhallstát (i gcomparáid le 10 mBallstát sna chéad phleananna bainistithe riosca tuilte) roinnt faisnéise ar fáil maidir le costas measta na mbeart. Is fiú thart ar EUR 35 bhilliún é sin idir 2022 agus 2027 (thart ar EUR 6 bhilliún in aghaidh na bliana) cé gur dócha go mbeidh sé sin ina ghannmheastachán. Bhí éagsúlacht mhór idir raon feidhme agus mionsonraí na faisnéise a cuireadh ar fáil agus is minic nár cumhdaíodh na bearta uile léi fiú laistigh de Bhallstát ar leith.

Cé nach gcuirtear ach faisnéis theoranta ar fáil in go leor de na pleananna bainistithe abhantraí, is fiú a thabhairt faoi deara go raibh ról mór ag ionstraimí cistiúcháin an Aontais, lena n-áirítear an Comhbheartas Talmhaíochta, an Beartas Comhtháthaithe agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, maidir le tacú le bearta pleananna bainistithe abhantraí agus pleananna bainistithe riosca tuilte a chur chun feidhme ar fud na mBallstát. Ina theannta sin, tá tacaíocht fhorleathan á cur ar fáil ag an gCoimisiún tríd an gclár Fís Eorpach don taighde chun na bearnaí eolais a dhúnadh agus chun úsáid réiteach nuálach a chur chun cinn, lena n-áirítear tríd an Misean maidir le hAigéin agus Fionnuiscí. Ar deireadh, tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, tá an Coimisiún ag tacú freisin leis na Ballstáit athchóirithe ar an mbeartas uisce a cheapadh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Mar sin féin, léirítear san anailís — don Aontas ina iomláine — nach gcomhlíontar na riachtanais bhliantúla infheistíochta, a mheastar a bheith cothrom le EUR 77 mbilliún in aghaidh na bliana, agus meastar go bhfuil bearna mhaoinithe thart ar EUR 25 bhilliún in aghaidh na bliana ann faoi láthair[88]. Tá an méid sin bunaithe den chuid is mó ar riachtanais soláthair uisce agus sláintíochta, agus d'fhéadfadh sé nach léireofaí go hiomlán na costais a bhaineann le bearta eile a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach Réime maidir le hUisce agus na Treorach maidir le Tuilte. Ar an drochuair, i gcás fhormhór na mBallstát, níl sceideal soiléir infheistíochta sna pleananna bainistithe abhantraí ina gcuirtear san áireamh réamhaisnéisí fadtéarmacha maidir le soláthar agus éileamh uisce bunaithe ar na cásanna aeráide is déanaí agus ar straitéisí oiriúnaithe. Ar bhonn níos ginearálta, ní léirítear go soiléir sna hanailísí eacnamaíocha tuairiscithe conas a bhí measúnuithe cost-éifeachtúlachta mar bhonn eolais do roghnú na mbeart sna cláir beart (ar cheart go n-áireofaí go hidéalach i bhfad níos mó beart infheistíochta iontu). Dá ndéanfaí tuilleadh dul chun cinn maidir le bonn eacnamaíoch a chur faoi na cláir beart, d'éascófaí go mór cinntí agus infheistíochtaí a bhaineann le huisce.

8. COMHAR TRASTEORANN FAOIN TREOIR RÉIME MAIDIR LE HUISCE AGUS FAOIN TREOIR MAIDIR LE TUILTE

I gcás abhantracha a thrasnaíonn teorainneacha náisiúnta, ceanglaítear leis an Treoir Réime maidir le hUisce ar na Ballstáit comhordú a dhéanamh le chéile agus iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh freisin le tíortha nach bhfuil san Aontas i gcás inarb ábhartha. Léirítear san anailís, cé go bhfuil an méid comhair éagsúil, go bhfuil creat institiúideach cobhsaí i bhfeidhm le

[88] Ard-Stiúrthóireacht um an gComhshaol, Riachtanais infheistíochta comhshaoil, maoiniú agus bearnaí in AE-27 — nuashonrú 2024 (anailís inmheánach). Tabhair faoi deara go n-áireofar sa chéad Tuarascáil eile ar Chur Chun Feidhme an Bheartais Comhshaoil atá beartaithe d'earrach 2025 tuilleadh faisnéise poiblí agus nuashonruithe ar an ábhar.

haghaidh sásraí comhordaithe trasteorann ar fud ceantair abhantraí idirnáisiúnta éagsúla[89]. Tá roinnt samplaí de shocruithe atá ann cheana a 'uasghrádaíodh' a thuilleadh, i gcomparáid leis an timthriall roimhe seo.

Forbraíodh pleananna bainistithe abhantraí idirnáisiúnta do na ceantair abhantraí idirnáisiúnta is mó agus soláthraíonn siad creat le haghaidh comhair i measc na mBallstát. Díríonn creataí den sórt sin ar chomhroinnt sonraí, ar thionscadail chomhpháirteacha faireacháin agus taighde, ar chomhordú comhpháirteach maidir le measúnú a dhéanamh ar an stádas, ar tháscairí tosaíochta ábhartha agus ar luachanna tairsí comhaontaithe. Ní thugtar le tuiscint leis an gcomhar sin maidir le táscairí agus luachanna tairsí, áfach, go mbeidh cóineasú iomlán ann maidir le torthaí an mheasúnaithe i measc na dtíortha éagsúla a roinneann na habhantracha.

Seachas plean bainistithe abhantraí idirnáisiúnta na Danóibe ina leagtar amach bearta a bhfuil ábharthacht idirnáisiúnta ag baint leo, tiomsaítear go bunúsach sna pleananna bainistithe abhantraí idirnáisiúnta eile na bearta náisiúnta arna dtarraingt suas ag gach Ballstát; dá bhrí sin, ní léir a mhéid a áirithítear comhsheasmhacht idir na bearta a dhéanann tíortha ar an taobh thuas den abhainn agus tíortha i dtreo bhéal na habhann. Mar shampla, suiteáladh bealaí éisc sna codanna thuas den Réin, ach níor cuireadh bearta comhchosúla chun feidhme go hiomlán thíos le sruth go fóill, rud a chuireann bac ar éifeachtacht na mbeart ar an taobh thuas den abhainn. Ar an gcaoi chéanna, i gcás laghdú ar ualach na gcothaitheach, tá easpa breithnithe ginearálta ann maidir leis an rannchuidiú is gá thuas san abhainn chun na cuspóirí dea-stádais a bhaint amach le haghaidh dobharlaigh thíos le sruth, go háirithe le haghaidh na n-uiscí cósta agus trasdultacha is íogaire do chothaithigh.

Tugtar faoi deara agus is cúis imní é go bhfuil an comhar trasteorann maidir le screamhuisce an-teoranta. Níor shainaithin go leor ceantar abhantraí idirnáisiúnta screamhuisce trasteorann; dá bhrí sin, déanann gach tír dealú agus tréithriú na ndobharlach screamhuisce ina n-aonar. I gcás ina n-aithnítear uiscígh trasteorann (e.g. an Sceilt, an Viostúile, an Eilbe agus an Danóib), fágtar an tréithriú faoi phlé déthaobhach. Tá comhar teoranta ann freisin maidir le faireachán a dhéanamh ar na táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun measúnú a dhéanamh ar stádas screamhuiscí.

Ós rud é go bhfuil na dúshláin a bhaineann le triomach agus ganntanas uisce ag éirí níos práinní ar fud an Aontais, is dócha go n-éireoidh gnéithe cainníochtúla de bhainistiú uisce níos tábhachtaí i gcomhthéacs na gceantar abhantraí idirnáisiúnta. Cé is moite de roinnt eisceachtaí, amhail Coinbhinsiún Albufeira idir an Phortaingéil agus an Spáinn, tá an comhar sna ceantair abhantraí idirnáisiúnta maidir le dul i ngleic le ganntanas uisce agus triomach teoranta go dtí seo agus ba cheart é a spreagadh a thuilleadh.

Rinneadh nós imeachta Airteagal 12 na Treorach Réime maidir le hUisce maidir le **saincheisteanna nach féidir déileáil leo ar leibhéal na mBallstát** a agairt uair amháin ón tuarascáil roimhe sin. In 2019, chuir an tSeicia in iúl go raibh imní uirthi faoi leibhéil screamhuisce a bheith á n-ídiú mar thoradh ar thionchair thrasteorann mhianach Turow sa Pholainn. Cuireadh deireadh leis an nós imeachta i mí Feabhra 2022 tar éis comhaontú idir an Pholainn agus an tSeicia i gcomhthéacs cás a tugadh os comhair na Cúirte Breithiúnais (a chuir féin an nós imeachta faoi Airteagal 12 ar fionraí).

[89] Tá comhaontuithe idirnáisiúnta i bhfeidhm don chuid is mó de cheantair abhantraí idirnáisiúnta agus is minic a bhunaíonn siad comhlacht comhordaithe idirnáisiúnta agus, níos annaimhe, plean bainistithe abhantraí comhpháirteach. Níl ach cúpla abhantrach san Aontas Eorpach nach bhfuil aon cheann acu sin acu.

Cé nach raibh baint dhíreach aici le gníomhachtú Airteagal 12, léirigh tubaiste Abhainn Oder, ceann de na tubaistí éiceolaíocha is mó san Eoraip le déanaí, as ar eascair bás ollmhór éisc i mí Iúil agus i mí Lúnasa 2022, na hiarmhairtí a bhaineann le cumarsáid neamhleor idir tíortha comharsanachta agus idir na tíortha sin agus an Coimisiún Eorpach. Leagadh béim sa teagmhas ar a thábhachtaí atá comhar trasteorann éifeachtach chun freagairt thráthúil agus leordhóthanach ar thubaistí den sórt sin a áirithiú. Chuir an Coimisiún tacaíocht agus saineolas ar fáil ón tús agus chuir sé tuarascáil ar fáil, i gcomhar le EEA, ina ndearnadh anailís ar chúiseanna na tubaiste agus inar leagadh amach príomh-mholtaí chun tubaistí éiceolaíocha in aibhneacha an Aontais amach anseo a chosc[90].

Leis an Treoir maidir le Tuilte, amhail an Treoir Réime maidir le hUisce, ceanglaítear ar na Ballstáit a n-iarrachtaí a chomhordú laistigh d'abhantracha trasteorann, lena n-áirítear le tíortha nach bhfuil san Aontas. I gcás ina bhfuil eagraíochtaí comhordaithe ar fud na habhantraí i bhfeidhm, is é an toradh a bhí i gcónaí ar fhorbairt plean bainistithe riosca tuilte idirnáisiúnta ná cuspóirí comhchoiteanna ardleibhéil a leagan amach agus, i mbeagnach gach cás, roinnt beart comhordaithe agus comhchoiteann a tharraingt suas[91]. Laistigh de na heagraíochtaí abhantraí sin, leanann meithleacha tiomnaithe cur chun feidhme pleananna bainistithe riosca tuilte idirnáisiúnta ar an leibhéal náisiúnta. Reáchtáladh comhairliúcháin phoiblí fhairsinge ar chuid de na habhantracha, amhail an Danóib agus an Réin. Ina theannta sin, díol suntais sna hiarrachtaí sin iad straitéisí maidir le hoiriúnú don athrú aeráide ar leibhéal abhantraí a bhfuil naisc dhíreacha acu leis an Treoir maidir le Tuilte[92].

9. CONCLÚIDÍ AGUS FORLÉARGAS

Ar an iomlán, léirítear sa mheasúnú go bhfuil feabhas mór tagtha ar an eolas agus ar an bhfaireachán ar dhobharlaigh an Aontais i gcomparáid leis an timthriall roimhe sin. Ar an drochuair, níor tháinig feabhas mór ar staid dhobharlaigh an Aontais nuair a bhreathnaítear ar na figiúirí comhiomlánaithe. Is léir go bhfuil laghduithe dearfacha ar bhrúnna áirithe i gcás inar mhéadaigh na Ballstáit a gcaiteachas uisce nó ina ndearna siad dul chun cinn maith maidir le reachtaíocht ábhartha eile a chur chun feidhme[93]. Maidir le dobharlaigh screamhuisce, tá dea-stádas cainníochtúil agus ceimiceach ag tromlach mór ag a bhfuil treocht dhearfach ón timthriall tuairiscithe deireanach.

I gcodarsnacht leis sin, tá uiscí dromchla i staid an-chriticiúil. Tá dea-stádas éiceolaíoch ag níos lú ná leath (39.5 %) de dhobharlaigh dhromchla an Aontais a ndearnadh measúnú orthu, agus tá dea-stádas ceimiceach ag níos lú ná aon trian (26.8 %) díobh. Is iomaí cúis atá leis seo. Maidir le ceimiceáin, ceiltear roinnt treochtaí dearfacha le héilliú stairiúil forleathan mearcair agus truailleáin uileláithreacha, bhithcharnacha agus thocsaineacha eile nó bhí siad faoi scáth dúshláin nua truaillithe atá ag teacht chun cinn. Maidir leis an stádas éiceolaíoch, tá feabhas éigin tagtha ar eilimintí cáilíochta bitheolaíche áirithe. Tá aibhneacha, lochanna agus uiscí cósta an Aontais fós faoi bhrú mór, áfach, agus, fiú nuair a dhéantar bearta éifeachtacha, d'fhéadfadh sé nach mbeadh dul chun cinn infheicthe go tapa nuair a bhíonn faireachán á dhéanamh toisc go dteastaíonn a dhóthain ama ón dúlra chun téarnamh a dhéanamh. Is ábhar

[90] https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC132271

[91] Amhail sonraí hidreolaíocha a chomhroinnt, cleachtais náisiúnta maidir le tuilte báistiúla a mhalartú agus staidéir a dhéanamh maidir le réamhaisnéis tuilte a fheabhsú ar fud na habhantraí, seachas, mar shampla, fáil chosanta le haghaidh tuilte.

[92] Téann straitéis na Réine siar go 2015 agus straitéis na Danóibe siar go 2018.

[93] Baineann sé sin go háirithe leis na Treoracha maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, Níotráití agus Astaíochtaí Tionsclaíocha agus le dlí an Aontais maidir le ceimiceáin.

misnigh é laghdú a fheiceáil ar dhobharlaigh 'nach eol a stádas', ach tá dúshláin nua ann a bhaineann le hinchomparáideacht sonraí, rud a chuireann bac ar mheasúnuithe oibiachtúla. Chuige sin go léir, ní mór machnamh a dhéanamh ar conas cáilíocht agus inchomparáideacht sonraí a fheabhsú.

D'ainneoin na saincheisteanna sonraí sin, tá go leor fós le déanamh chun cuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce agus na dtreoracha gaolmhara a bhaint amach ina n-iomláine. Is ar na Ballstáit go príomha atá an dualgas, ar gá dóibh leibhéal na huaillmhéine a ardú agus dlús a chur leis an ngníomhaíocht.

Is léir cheana féin ó réamhaisnéisí na mBallstát nach mbainfear amach comhlíonadh iomlán chuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce faoi 2027 le clár na mbeart a leagtar amach sa tríú plean bainistithe abhantraí.

Ós rud é go bhfuil teorainn leis na féidearthachtaí maidir le díolúintí, beidh sé ríthábhachtach dul i ngleic leis na mórbhearnaí cistiúcháin agus uisce a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i mbeartais ábhartha eile. Is féidir le roinnt beart a comhaontaíodh faoin gComhaontú Glas don Eoraip (e.g. an Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus an Treoir athbhreithnithe maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh) cabhrú le dul chun cinn tapa a dhéanamh má chuirtear chun feidhme go luath iad. Is cúis imní é a thabhairt faoi deara go bhfuil sé curtha in iúl cheana féin ag roinnt Ballstát go bhfuil sé beartaithe acu úsáid fhorleathan a bhaint as díolúintí in 2027, trí chuspóirí comhshaoil nach bhfuil chomh dian céanna a chur i bhfeidhm nó trí shíneadh a chur leis an sprioc-am. Leanfaidh an Coimisiún de bheith i dteagmháil go réamhghníomhach leis na comhreachtóirí chun bearta a neartú chun dul i ngleic le truailliú uisce, lena n-áirítear trí aird níos mó a thabhairt ar thruailleáin nua atá ag teacht chun cinn, e.g. PFAS, micreaphlaistigh agus cógaisíocht.

I gcás na Treorach maidir le Tuilte, tá forbairt déanta ag na Ballstáit ar a dtaithí ón gcéad timthriall agus tá athruithe incriminteacha déanta acu ar a gcur chuige maidir le bainistiú riosca tuilte. Tá trí fhorbairt ann a sheasann amach: (a) méadú mór ar leibhéal an Aontais ar líon na limistéar a shainaithnítear mar limistéir a bhféadfadh mór-riosca tuilte a bheith ag baint leo; (b) glacadh, ag beagnach gach Ballstát, le breathnóirí idirlín bunaithe ar chóras faisnéise geografaí chun a léarscáileanna guaise agus riosca tuilte a fhoilsiú, rud a fhágann go bhfuil siad i bhfad níos inrochtana; agus (c) feabhas a chur ar an gcaoi a ndéantar an t-athrú aeráide a mheas, e.g. trí shamhaltú agus trí chásanna. Chun leanúint den dul chun cinn maidir leis na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag mórthuilte a laghdú, beidh ar na Ballstáit iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun feabhas a chur ar an gcumas pleanála, go háirithe i dtéarmaí faireachán níos fearr a dhéanamh ar dhul chun cinn chun a gcuspóirí a bhaint amach maidir le rioscaí tuilte a laghdú. Ní mór dóibh freisin bearta a phleanáil agus a chur chun feidhme a chuideoidh le déileáil le dálaí aeráide amach anseo, i measc nithe eile tríd an gcoinneáil nádúrtha uisce a mhéadú (nó a athbhunú), i measc nithe eile trí thuilemhánna a athbhunú agus a athnascadh, chomh maith lena áirithiú go ndéanfar bearta um chosc ar thuilte a thoisiú ar dhálaí tuilte amach anseo. Ní mór dóibh acmhainní leordhóthanacha a áirithiú freisin chun pleananna bainistithe riosca tuilte a chur chun feidhme go héifeachtach.

Sa tuarascáil seo agus sna doiciméid inmheánacha oibre a ghabhann léi, eisíonn an Coimisiún roinnt moltaí ginearálta agus tírshonracha maidir leis an gcaoi ar féidir leis na Ballstáit tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh chun an Treoir Réime maidir le hUisce agus an Treoir maidir le Tuilte araon a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr, rud a chuidíonn le borradh a chur faoi athléimneacht uisce an Aontais.

Beidh na moltaí sin mar bhonn d'idirphlé struchtúrtha leis na Ballstáit a sheolfaidh an Coimisiún go han-luath. Leis an idirphlé sin, beifear in ann na ceanglais faoin Treoir Réime maidir le hUisce agus faoin Treoir maidir le Tuilte a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr agus, i gcás inarb iomchuí, iad a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr i ndlúthchomhar leis na hiarrachtaí forfheidhmiúcháin lena gcumhdaítear na príomhbhrúnna ar an gcomhshaol uisceach.

Chomh maith le leanúint ar aghaidh ag obair leis na ballstáit, oibreoidh an Coimisiún leis an bpobal agus leis na páirtithe leasmhara go léir chun comhlíonadh a chur chun cinn. Léireofar é sin freisin sa chéad Athbhreithniú eile ar Chur Chun Feidhme an Bheartais Comhshaoil in 2025.

Baileoidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit agus le EEA, na ceachtanna a foghlaimíodh ón gcleachtadh tuairiscithe sin agus sainaithneoidh sé deiseanna chun an t-ualach riaracháin a shimpliú agus a laghdú agus chun feabhas a chur ar bhainistiú sonraí, go háirithe inchomparáideacht sonraí, agus éifeachtúlacht an ardáin tuairiscithe leictreonaigh á feabhsú ag an am céanna.

Ar deireadh, leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit ina n-iarrachtaí cur chun feidhme trí úsáid an chistiúcháin atá ar fáil agus a bheidh ann amach anseo a éascú, trí infhaighteacht sonraí, faisnéise agus eolais ábhartha a neartú chomh maith le dea-chleachtais a mhalartú mar chuid den Chomhstraitéis Cur Chun Feidhme.

Cuirfear torthaí an mheasúnaithe seo san áireamh freisin agus an Straitéis Athléimneachta maidir le hUisce a fógraíodh á hullmhú.

10. MOLTAÍ

Cé go gcuirtear moltaí tírshonracha ar fáil sna measúnuithe tíre aonair, tá na moltaí a leagtar amach thíos ábhartha do Bhallstáit uile an Aontais.

AN TREOIR RÉIME MAIDIR LE HUISCE

1. Ba cheart do na Ballstáit uile **a leibhéal uaillmhéine a mhéadú** agus **dlús a chur le gníomhaíocht** chun **an bhearna chomhlíontachta a** laghdú a mhéid is féidir faoi 2027. Tugtar le tuiscint leis sin:
    a. **cláir beart níos láidre a fhorbairt** bunaithe ar mheasúnú níos soiléire ar an mbearna atá le líonadh chun dea-stádas a bhaint amach agus tosaíocht níos soiléire a thabhairt do bhearta;
    b. **dul i ngleic go cinntitheach le bacainní struchtúracha arna sainaithint agus bearta á gcur chun feidhme,** amhail acmhainneacht agus acmhainní riaracháin neamhleora;
    c. **rialachas a neartú** trí fheabhas a chur ar **chomhairliúcháin phoiblí** agus **ar chomhordú idir na leibhéil éagsúla riaracháin agus na húdaráis a** bhíonn ag déileáil le cur chun feidhme reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais, go háirithe an Treoir maidir le Tuilte, an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus an Treoir maidir le Níotráití;
    d. a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán forálacha na Treorach Réime maidir le hUisce i dtaobh **athbhreithniú tréimhsiúil ar cheadanna/rialuithe** le haghaidh na ngníomhaíochtaí uile a mbíonn tionchar acu ar dhobharlaigh (lena n-áirítear astarraingt, gaibhniú, sceitheadh) agus **córais smachtbhannaí atá éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach;** breithniú a dhéanamh, i gcás inarb infheidhme, ar athbhreithnithe ar dhíolúintí atá ann cheana maidir le

hastarraingtí beaga ó cheanglais chlárúcháin agus cheadaithe, ionas go ndéanfar bainistiú ar thionchair charnacha ar bhealach níos fearr.

2. Ba cheart do na Ballstáit uile **an infheistíocht a mhéadú agus maoiniú leordhóthanach a áirithiú chun na cláir beart a chur chun feidhme go héifeachtach** chun na cuspóirí a bhaint amach. Áirítear leis sin go háirithe:
    a. **pleananna infheistíochta fadtéarmacha** a fhorbairt agus foinse an mhaoinithe do gach beart a shainaithint go soiléir, lena n-áirítear úsáid éifeachtach chistiúchán an Aontais a chuirtear ar fáil tríd an gComhbheartas Talmhaíochta, tríd an mBeartas Comhtháthaithe 2021-2027 agus tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta;
    b. iarrachtaí a neartú chun **prionsabal na haisghabhála costas** do sheirbhísí uisce a chur i bhfeidhm go hiomlán ionas go gcuirfidh gach príomhúsáideoir uisce agus gach earnáil úsáide uisce go leordhóthanach le costais na seirbhísí uisce;
    c. úsáid níos fearr agus níos leithne a bhaint as an bprionsabal '**costas an truaillithe ar an truaillitheoir**,' deireadh a chur le fóirdheontais dhíobhálacha chomhshaoil agus **sásraí praghsála inacmhainne, córa agus cothroma** a áirithiú do **gach** úsáideoir uisce i gcomhréir le hAirteagal 9 den Treoir Réime maidir le hUisce.

3. Ba cheart do na Ballstáit uile **bearta breise a chur i bhfeidhm chun na dúshláin (brúnna) leanúnacha chomhshaoil atá ann cheana a laghdú** bunaithe ar anailísí láidre ar bhearnaí.
   Áirítear air sin:
    a. **dlús a chur le gníomhaíocht chun truailliú cothaitheach a laghdú,** lena n-áirítear trí ualaí uasta cothaitheach a shocrú agus a bhaint amach i ngach ceantar abhantraí, i gcomhréir ní hamháin leis an Treoir Réime maidir le hUisce ach leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus an Treoir maidir le Níotráití freisin;
    b. **Bearta i gcoinne truailliú lotnaidicídí a neartú** trí úsáid lotnaidicídí ceimiceacha a laghdú, bainistiú comhtháite lotnaidí agus cleachtais níos inbhuanaithe a chur chun cinn (e.g. feirmeoireacht bheacht), ualaí lotnaidicídí ceimiceacha uasta a shocrú agus a bhaint amach i ngach ceantar abhantraí agus srianta níos déine a thabhairt isteach i limistéir faoi chosaint le haghaidh astarraingt uisce óil;
    c. **truailliú poncfhoinse a laghdú** tuilleadh chun dul i ngleic le cothaithigh, substaintí tosaíochta agus truailleáin a bhaineann go sonrach le haibhneacha, e.g. trí athbhreithniú a dhéanamh ar cheadanna atá ann cheana le haghaidh astaíochtaí poncfhoinse chun ualaí truailleán a ísliú nó trí oibleagáidí a thabhairt isteach chun sceitheadh i gcásanna éigeandála a chur ar fionraí nó a theorannú go sealadach, agus na hoibleagáidí nua faoin Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus faoin Treoir athbhreithnithe maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh á gcur san áireamh;
    d. borradh a chur faoi iarrachtaí maidir le **réitigh dhúlrabhunaithe,** lena n-áirítear athnádúrú agus athchóiriú éiceachóras chun **brúnna hidreamhoirfeolaíocha**a laghdú;
    e. dlús a chur leis na hiarrachtaí chun **feabhas a chur ar leanúnachas abhann,** ar an staid ghinearálta hidreolaíoch agus ar chosaint speiceas uisceach, lena n-áirítear do speicis imirceacha;

f. **sreabha éiceolaíocha a leagan amach (i.e. an leibhéal uisce nach mór a fhágáil sa dobharlach chun go bhfeidhmeoidh an t-éiceachóras i gceart)** le haghaidh gach ceantar abhantraí agus iad a **chur i bhfeidhm go héifeachtach** i gcinntí maidir le leithdháileadh uisce agus ceadanna le haghaidh astarraingtí agus gaibhnithe a eisiúint nó a athbhreithniú go tréimhsiúil i gcomhréir le hAirteagal 11 den Treoir Réime maidir le hUisce.
g. **riachtanais uisce na n-éiceachóras atá ag brath ar screamhuisce** (idir éiceachórais talún agus uisceacha) a chur san áireamh ar bhealach níos córasaí agus measúnú á dhéanamh ar stádas cainníochtúil na ndobharlach screamhuisce.

4. I bhfianaise **na nganntanas uisce atá ann** ar fud an Aontais, ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:
   a. **feabhas a chur ar bhearta maidir le díonadh ar an athrú aeráide** sna cláir beart agus, i gcás inarb ábhartha, bearta nó pleananna oiriúnacha a fhorbairt le haghaidh athléimneacht neartaithe;
   b. cothromaíochtaí cruinne uisce do gach abhantrach a **tharraingt suas nó a fheabhsú go réamhghníomhach, a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus faireachán a dhéanamh orthu,** agus gach ionchur agus astarraingt uisce, caillteanais nádúrtha agus riachtanais éiceachóras atá spleách ar uisce á gcur san áireamh; áirítear leis sin faireachán díreach agus méadrú a mhéadú ar fud úsáidí uisce, cláir astarraingthe uisce a nuashonrú go leanúnach agus cigireacht a dhéanamh ar astarraingtí neamhúdaraithe agus neamhdhleathacha uisce;
   c. bearta éifeachtacha a dhéanamh chun **athúsáid, éifeachtúlacht agus ciorclaíocht uisce a chur chun cinn**, agus an úsáid is fearr is féidir á baint as **réitigh dhúlrabhunaithe** chun uisce a stóráil ar bhealach níos inbhuanaithe ar fud ithreacha agus éiceachóras;
   d. agus **dambaí** agus **taiscumair** nua á bpleanáil, measúnú cúramach a dhéanamh ar a dtionchar ar an gcomhshaol, lena n-áirítear i gcomparáid le cuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce agus a áirithiú go mbeidh na gníomhaíochtaí sin mar chuid de bhainistiú comhtháite uisce agus de straitéisí comhleanúnacha **athléimneachta uisce,** lena n-áirítear aird chuí a thabhairt **ar chásanna aeráide fadtéarmacha.**

5. Chun cuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce a bhaint amach agus athléimneacht uisce a neartú, **ba cheart do na Ballstáit tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhar trasteorann,** go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:
   a. **dealú** agus **tréithriú** dobharlach, **cláir faireacháin chomhpháirteacha nó chomhordaithe** agus **modheolaíochtaí measúnaithe stádais** (e.g. coinníollacha tagartha arna gcomhaontú go comhchoiteann maidir le heilimintí cáilíochta bitheolaíche agus caighdeáin cáilíochta comhshaoil maidir le truailleáin);
   b. **gnéithe cainníochtúla** de bhainistiú uisce trí shásraí agus comhlachtaí comhair idirnáisiúnta ábhartha.

6. Mura féidir cuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce a bhaint amach le haghaidh dobharlach sonrach agus má dhéantar díolúintí a agairt, ba cheart do na Ballstáit é sin a dhéanamh i gcomhréir leis an **léirmhíniú sriantach** a eascraíonn as cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus réasúnú atá **mionsonraithe go**

leordhóthanach a sholáthar, lena n-áiritheofar go ndéanfar **athbhreithniú rialta ar a gcur i bhfeidhm**. Tugtar le tuiscint leis sin:

a. a áirithiú go bhfuil **doiciméadú maith agus údar maith** leis na cuspóirí a ísliú (- Airteagal 4(5)- den Treoir Réime maidir le hUisce)), go háirithe maidir le costais dhíréireacha agus neamh-indéantacht agus na heasnaimh chur chun feidhme go dtí seo á gcur san áireamh, seachas iarratas a dhéanamh ar an díolúine mar rogha réamhshocraithe i gcás mainneachtain na cuspóirí a bhaint amach faoi 2027;
b. ag aithint dóibh go bhfuil na **féidearthachtaí maidir le síntí ama** (Airteagal 4(4) den Treoir Réime maidir le hUisce) **thar a bheith teoranta;**
c. faisnéis i bhfad níos fearr a chur ar fáil maidir leis na **díolúintí** do thionscadail nua faoi Airteagal 4(7); áirítear leis sin réasúnuithe níos fearr maidir le húsáid na ndíolúintí sin trí éifeachtaí carnacha a mhionsonrú, measúnú a dhéanamh ar roghanna malartacha atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, agus faisnéis a thabhairt maidir leis na bearta a rinneadh chun éifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú.

7. Maidir le **faireachán, measúnú, bainistiú sonraí agus tuairisciú, ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

a. **tuairisciú leictreonach tráthúil agus níos iomláine a áirithiú**, i gcomhar leis an gCoimisiún agus le EEA, do thimthriallta amach anseo, agus úsáid níos fearr á baint as na deiseanna a eascraíonn as an digitiú agus as faire na cruinne chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus cruinneas a fheabhsú;
b. **cáilíocht agus inchomparáideacht sonraí a fheabhsú** tuilleadh trí mhodhanna bailithe sonraí a chomhchuibhiú ar fud na gceantar abhantraí uile maidir le faireachán, measúnuithe, réamh-mheastacháin, etc. agus na sonraí uile a chur ar fáil go poiblí trína bhfoilsiú go tráthúil i gcomhréir le ceanglais Threoir INSPIRE, na Treorach maidir le Sonraí Oscailte agus maidir le Faisnéis ón Earnáil Phoiblí a athúsáid agus le Tacair Sonraí Ardluacha na hearnála poiblí,[94] agus ar an gcaoi sin an t-ualach tuairiscithe a laghdú;
c. **córais faireacháin a neartú** tuilleadh chun bearnaí sa chumhdach geografach agus sna paraiméadair a ndearnadh anailís orthu araon a dhúnadh chun **muinín sna measúnuithe stádais a mhéadú**, chun spleáchas ar bhreithiúnas saineolaithe nó ar ghrúpáil dobharlach éagsúil a laghdú, agus chun an obair maidir le coinníollacha tagartha a bhunú do gach cineál uisce a thabhairt chun críche;
d. modheolaíochtaí a fhorbairt chun sainmhíniú níos comhchuibhithe a thabhairt ar **dhea-acmhainneacht éiceolaíoch** chun stádas dobharlach atá modhnaithe go mór agus dobharlach saorga a fheabhsú go tapa.

8. **Úsáid réamhghníomhach a bhaint as na beartais agus na hionstraimí dlíthiúla nua a comhaontaíodh i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip chun dlús a chur leis na** hiarrachtaí cur chun feidhme a théann chun tairbhe na Treorach Réime maidir le hUisce, ag díriú ar na comhthairbhí a eascraíonn as, i measc nithe eile, an **Treoir athbhreithnithe maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha** agus an **Dlí nua um Athbhunú an Dúlra**.

[94] (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 ón gCoimisiún) lena leagtar síos liosta de thacair sonraí shonracha ardluacha agus na socruithe maidir lena bhfoilsiú agus lena n-athúsáid.

AN TREOIR MAIDIR LE TUILTE

1. Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'fheabhas **a chur ar a léarscáileanna guaise agus riosca tuilte**, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
    a. limistéir astarraingthe uisce, uiscí áineasa agus limistéir Natura 2000 a mheas go comhsheasmhach agus go soiléir;
    b. Tuilte báistiúla a chur san áireamh níos mó, i bhfianaise mhinicíocht agus dhéine mhéadaithe na frasaíochta troime;
    c. feabhas a chur ar bhreathnóirí léarscáileanna guaise agus riosca tuilte bunaithe ar chóras faisnéise geografaí a chomhtháthaíonn an fhaisnéis ábhartha go léir agus atá éasca le húsáid ag an bpobal i gcoitinne.

2. Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'iarrachtaí **breise a dhéanamh chun feabhas a chur ar a bpleanáil maidir le bainistiú riosca tuilte,** go háirithe an méid seo a leanas:
    a. ba cheart do pleananna bainistithe riosca tuilte a bheidh ann amach anseo sonraí a sholáthar maidir leis an gcaoi ar chuir léarscáileanna guaise agus riosca tuilte bonn eolais faoi rogha na gcuspóirí agus na mbeart;
    b. ba cheart **cuspóirí sonracha a bheith ag plean bainistithe riosca tuilte, sprioc-am a bheith aige** i gcás inar féidir agus ba cheart é a bheith nasctha le **táscairí dul chun cinn cainníochtúla;**
    c. ba cheart measúnú a bheith sna pleananna bainistithe riosca tuilte ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na cuspóirí atá leagtha amach sna pleananna bainistithe riosca tuilte roimhe seo a bhaint amach.

3. Chun **éifeachtacht na mbeart** arna ndéanamh a fheabhsú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil **nasc soiléir idir cuspóirí plean bainistithe riosca tuilte agus a bhearta** agus faisnéis a sholáthar maidir leis na **modhanna a úsáidtear chun bearta a chur in ord tosaíochta**. I gcás inar féidir, ba cheart **anailís costais is tairbhe** a dhéanamh ar na bearta agus í a chur san áireamh ina dtosaíochtaí. Ina theannta sin, ba cheart do phlean bainistithe riosca tuilte faisnéis a sholáthar maidir le costas iomlán na mbeart atá beartaithe.

4. Ba cheart do phlean bainistithe riosca tuilte na **modhanna a leagan amach chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn** maidir leis na bearta a chur chun feidhme go nithiúil.

5. Ba cheart do na Ballstáit uile breithniú a dhéanamh ar **chásanna aeráide** a bheidh ann amach anseo ina gcuid pleananna bainistithe riosca tuilte.

6. Ba cheart do na Ballstáit uile iarrachtaí a mhéadú chun Réitigh Dhúlrabhunaithe a chur chun feidhme ar bhonn níos forleithne, ina n-aonar nó in éineacht le bonneagar traidisiúnta.

7. Chomh maith le hinfheistíochtaí chun tuilte a chosc agus a chosaint, ba cheart do na Ballstáit uile an costas a bhaineann le tuilte ar bhuiséid phoiblí a mheas; **ba cheart árachas** a mheas mar rogha chun oiriúnú d'iarmhairtí an athraithe aeráide.

8. Ba cheart forálacha maidir le **cosaint na hoidhreachta cultúrtha** ar rioscaí tuilte a chomhtháthú go córasach in bplean bainistithe riosca tuilte.

9. Maidir le **rialachas,** ba cheart do na Ballstáit uile a leagan amach go soiléir ina gcuid pleananna bainistithe riosca tuilte conas a dhéanfar comhordú leis an Treoir Réime maidir le hUisce agus sonraí a sholáthar maidir leis an gcomhairliúchán poiblí agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear maidir leis an gcaoi ar cuireadh barúlacha féideartha san áireamh. Ba cheart go mairfeadh na comhairliúcháin 6 mhí.